

tuarascáil bhliantúil

tuarascáil bhliantúil

20 03



Marine Institute
Foras na Mara

ag freastal ar eolaíocht agus muir

Do Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha

Do réir na riachtanas atá leagtha síos san Acht um Fhoras na Mara, 1991, is cúis onóra dom an Tuarascáil Bliaintúil agus na Cúntais do Fhoras na Mara don bhliain dár chríoch 31u Nollaig, 2002 a thíolacadh.

Séan P. Ó Cruadhlaoidh, Cathaoirleach.

To the Minister for Communications, Marine and Natural Resources

In accordance with the requirements of the Marine Institute Act, 1991, I have the honour of presenting the Annual Report and Statement of Accounts of the Marine Institute for the year ended 31st December 2002.

John P. Crowley, Chairman.

Is é Foras na Mara an ghníomhaireacht náisiúnta a bhfuil na feidhmeanna ginearálta seo a leanas aici:

“taighde agus forbairt mara a ghabháil de lámh, a chomhordú, a spreagadh agus cuidiú leis sin agus cibé seirbhís a ndáil le taighde agus forbairt mara a chur ar fáil ar seirbhís iad, i dtuairim an Fhorais, a spreagfaidh forbairt eacnamaíoch agus a chruthóidh fostaíocht agus a chosnóidh an timpeallacht mhara.”

An tAcht um Fhoras na Mara, 1991

The Marine Institute is the national agency which has the following general functions:

“to undertake, to co-ordinate, to promote and to assist in marine research and development and to provide such services related to marine research and development, that in the opinion of the Marine Institute will promote economic development and create employment and protect the marine environment.”

Marine Institute Act 1991

an clár

- 2 Réamhrá agus Struchtúr na hEagraíochta
 - 3 Comhaltaí an Bhoird
 - 4 Ráiteas an Chathaoirligh
 - 5 Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh
 - 6 Seirbhísí Corparáideacha
 - 10 Oifig Forbartha Mhara na hÉireann
 - 14 Seirbhísí Timpeallacht na Mara agus Sábháilteacht an Bhia
 - 18 Seirbhísí Eolaíocht na hIascaireachta
 - 22 Seirbhísí feirmeoireacht an éisc & bainistiú na ndobharcheantar
 - 26 Seirbhísí Eolaíocht na Mara
 - 30 Seirbhísí Phleanáil agus Forbairt Straitéiseach
 - 34 Riarachán Ginearálta
- Aguisíní**
- 34 1. INTERREG-III A Éire/An Bhreatain Bheag
 - 35 2. Clár TTFN na Mara de chuid an Phlean Forbartha Náisiúnta 2003
 - 36 3. Foilseacháin de chuid Fhoras na Mara
 - 37 4. Tuairiscí Taighde/Foilseacháin
 - 39 5. Daonáirimh ó Ghaistí Bhuiríos Umhaill 2003
 - 40 6. Clár na nÁrthach Taighde 2003
 - 41 7. Gníomhaíochtaí na nEachtrannach i dTaighde Eolaíochta na Mara in Uiscí na hÉireann
 - 41 8. Urraíocht Chomhdhála / Cheardlainne
- 42 Gluais na Nod
 - 44 Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuilleadh eolais le fail ó: www.marine.ie


RÉAMHEOLAS - STRUCTÚR NA HEAGRAÍOCHTA

Tá an poitéinseal ann acmhainní mara na hÉireann a athrú chuig eacnamaíocht mhara bheoga agus bhuan. Tugann Foras na Mara seirbhísí eolaíochta don rialtas agus don tionscal chomh maith le taighde a dhéanamh, comhpháirtíocht taighde a éascú agus páirt a ghlacadh ann, Beart Maoiniúcháin RTDI mara náisiúnta a bhainistiú agus tugann faisnéis maidir le deiseanna maoiniúcháin RTDI mara idirnáisiúnta.

In 2003, rinneadh athstruchtúrú ar Fhoras na Mara chun na foirne nua seirbhíse a chur sa áireamh - Seirbhísí Muireolaíochta agus Seirbhísí Pleanála agus Forbartha Straitéisí - chun seirbhísí an Fhorais sna réimsí seo a láidriú. Cuireann an struchtúr nua ar chumas an Fhorais an borradh reatha i RTDI a chothú i réimsí tábhachtacha agus pleanáil a dhéanamh d'fhorbairtí sa todhchaí a thabharfaidh cruth d'fhorbairt mhara na hÉireann sna blianta le teacht.

Cuireann an tuarascáil seo béim ar na spriocanna inghnóthaithe ag Foras na Mara in 2003.

LEAGAN AMACH NA HEAGRAÍOCHTA





1 An Dr. J.P. Crowley (An Cathaoirleach) (Athcheapaithe 2003-2005)
M.V.B., M.R.C.V.S., B.Ag.Sc., Ph.D., Tá saol ar leith caite ag an Dr.Crowley ag plé le taighde talmhaíochta (An Foras Talúntais) agus mar Bhainisteoir Ginearálta, Seirbhís Comharchumann Thiar Theas, Droichead na Bandan, Co. Chorcaí. Tá cáilíochtaí chomh maith aige i mBainistíocht Phoiblí (An Institiúid um Riarachán Poiblí), i Margaíocht (Harvard Business School) agus i mBainistíocht Comharchumann (Irish Management Institute).

2 Fergus Cahill Uasal (1996-2006)
Iar-Oifigeach Cabhlaigh agus Iar-Phríomhfheidhmeannach ar Chorporáid Náisiúnta Pheitríliam na hÉireann (INPC). Tá an tUasal Cahill mar ionadái in Éirinn faoi láthair ag Phillips Petroleum, ina Chathaoirleach ar an Irish Offshore Operators' Association agus Marine Technical Development Services Ltd.

3. Mary Dooley, Uasal (2002-2007)
Ánra d'Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann, comhalta den Chumann Feidhmeannaigh Airgeadais agus roinnt eagraíochtaí tráchtála, cultúrtha agus carthanachta. Bhí poist shínsearach bhainistíochta aici sna tionscail siamsaíochta, chógaisíochta, sláinte agus oideachais in Éirinn, bhí sí ag obair le Ryan Hotels Plc., Warner Communications Inc., Bristol Myers Inc., Ospidéal Naomh Séamus agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh.

4 Richie Flynn Uasal (2001-2006)
Tá an tUasal Flynn ina Rúnaí Feidhmiúcháin ar Rannóg Feirmeoireachta Éisc an IFA a ionchorpraíonn an Irish Salmon Growers' Association agus an Irish Shellfish Association. Tá sé mar Chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Uiscshaothraithe Choimisiún an AE agus ar Choiste Comhshaoil, Federation of European Aquaculture Producers.

5 An Capt. Dave Hopkins (2000-2006)
Tá an Capt. Hopkins ina Loingseoir Sínsarach ó 1976, agus ina Stiúrthóir ar Irish Mainport Holdings agus Hopkins Communications Ltd. Tá sé ina Leas-Uachtarán ar an International Federation of Shipmasters, ina chomhalta de Chomhairle an Irish Chamber of Shipping agus Emergency Rescue and Recovery Vessel Association agus ina Chathaoirleach ar an Irish Offshore Services Association.

6 Joey Murrin Uasal (1998-2003)
Iar-Chathaoirleach agus Stiúrthóir ar Bhord Iascaigh Mhara agus CEO ar Eagraíocht Iascairí na gCealla Beaga. Tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún Náisiúnta Bradán.

7 John O'Carroll Uasal (2001-2006)
Tá an tUasal O'Carroll páirteach i margaíocht agus táirgeadh Uiscshaothraithe.

8 An Dr. Brendan O'Connor (1998-2003)
Stiúrthóir Bainistíochta Aqua-Fact International Services Ltd. cuideachta chomhairliú comhshaoil agus tá PhD aige i Zó-Eolaíocht ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh.

9 Sean O'Donoghue (2001-2006)
CEO ar Eagraíocht Iascairí na gCealla Beaga, tá blianta caite ag an Uasal O'Donoghue i mbainistíocht iascaigh ag obair i Roinn na Mara agus BIM le scór bliain sula bhfuair se an post atá anois aige. Bhí ról tábhachtach aige i roinnt ceisteanna tábhachtacha iascaigh cosúil le hathnuachan flít agus nuachóiriú. TAC agus idirbhearta cuóta agus athbhreithniú ar an mBeartas Iascaireachtaí Coitinn. Tá sé ina chathaoirleach ar Choiste Bainistíochta Peiligeach an Iar-Thuaiscirt agus mar ionadái ag Cumann na hEorpa um Eagraíochtaí Táirgeora ar ghrúpa oibre IV de Choiste Comhairleach Choimisiún an AE maidir le Iascaireachtaí agus Uiscshaothrú.

comhaltaí an bhoird

ráiteas an chathaoirligh



Tréimhse mhór dul chun cinn é 2003 don Fhoras. Ba spriocanna móra agus cúis toirtéise dúinn go léir iad teacht an Celtic Explorer lena cumas méadaithe, iompú an fboid in Órán Mór agus oscailt an árais mhéadaithe i mBaile Uí Fhiacháin. Is mó an suaitheantas a bhaineann leo sin go léir ón uair gur baineadh amach iad le linn cior thuathail mhór phróiseas an aistrithe go Gaillimh. Cuireadh i gcrích an t-aistriú seo gan trioblóid mhór le bainistiú cáiréiseach, stor-chaint agus caidreamh, agus tiomantas na foirne, tiomantas a mholaimse anseo thar cheann na Stiúrthóirí.

Long an bhrait í an Celtic Explorer, thar cheann na hÉireann agus eolaíocht na mara. Tá a luach cruthaithe cheana aici mar ardán taighde ar an bhfarraige, le roinnt mhísean stairiúil curtha i gcrích aici i rith na bliana i suirbhéireachta na mara, i monatóireacht na timpeallachta, san aigéaneolaíocht, agus in eolaíocht an iascaigh.

Is iontach an uirlis í don eolaíocht, ach ina theannta sin, is siombal í den mhéid is féidir leis an bhForas a bhaint amach ag cur forbairt inbhuanú ar n-acmhainní mara i gcrích. Níl aon duine ann a d'frestal ar an gcoimisiúnú i nGaillimh agus a chonaic an deich míle cuairteoir a chuaigh ar bord inti an deireadh seachtaine sin nár chuaigh leibhéal na suime a léiríodh ann i bhfeidhm air, go háirithe i measc na n-óg. Is leo an t-am atá ag teacht, agus ba phriaireacht leis an bhForas é le linn 2003 a dtuiscint ar acmhainní mara na hÉireann a ardú.

Le linn na bliana, fuairamar, mé féin agus mo chomhghleacaithe ar an mBord, roinnt tuairiscí cuimsitheacha ó Fhoirne na Seirbhísí éagsúla san Fhoras.

D'fhéachamar ar obair atá á déanamh ag an OFME (IMDO) ar fhorbairt tionscal loingseoireachta na hÉireann agus staidéir ar thodhchaí fuinneamh na mara trí Chlár Theicneolaíocht na Mara.

D'fhoghlaimíomar faoin slí atá eolaíocht an iascaigh á chur i bhfeidhm chun láithreacha leochaileacha sceathraí a chaomhnú ar an mbagairt a bhí orthu, nuair a moladh go gcuirfí deireadh leis an zón caomhnaithe ar a dtugtar "Bosca na hÉireann". D'fhéachamar ar staidéir faoi imirce an troisc agus sonraí staidéir chuimsitheacha ag úsáid fuaime ar an scadán agus ar an bhfaoin gorm.

Dúradh linn mar gheall ar an dul chun cinn mór atá déanta i mapáil na bhfarraigí doimhne amach ó chósta an iarthair, ar na deiseanna a sholáthraíonn an t-eolas seo, agus ar an mbagairt a dhéanann an ró-úsáid ar ghnáthóga leochaileacha.

Tugadh dúinn sonraí an chúnaimh phraiticiúil atá curtha ar fáil do thionscal fheirmeoireacht an éisc le scagadh sláinte an éisc agus dearbhú cáilíochta. D'fhoghlaimíomar mar gheall ar na creidiúnaithe éagsúla idirnáisiúnta atá gnóthaithe ag ár bhfoireann as feabhas ár modhanna oibre agus ár saotharlanna, agus an dea-úsáid a bhí á bhaint astu.

D'fhreastalaíomar ar oscailt an árais mhéadaithe i mBaile Uí Fhiacháin, agus bhí iontas orainn de bharr a shuíomh speisialta mar ionad taighde chun staidéar a dhéanamh ar na fachtóirí líonmhara éagsúla go mbíonn feidhm acu ar dhobhaircheantair.

Ar deireadh, thógamar ar láimh anailís mhór bhearnaí chun go n-aithneodh an Foras na réimsí nach raibh sé fós ag dul i ngleic iontu lena mhísean acmhainní na mara a fhorbairt. Leis na torthaí seo, agus le torthaí caidrimh leis an bpobal agus staidéir speisialta choimisiúnaithe, leagfar amach cúrsa nua don chúig bliana atá ag teacht.

Mar fhód faoin obair seo go léir, bhí fócas láidir ar rialú corparáideach. Táim go mór faoi chomaoin ag Coiste Iniúchadh Inmheánach an Bhoird, a d'fhéach chuige gur cloíodh le córas éifeachtúil smacht inmheánach ar airgeadas, a thacaíonn le baint amach beartas, aidhmeanna agus cuspóirí an Fhorais.

Táim ag súil go mór le mo pháirt féin san fhiontraíocht mhór seo, agus ba mhaith liom buíochas agus comhghairdeas an Bhoird a ghabháil le bainistíocht agus le foireann an Fhorais as a mbuaine agus a bhfuinneamh i mbliain seo na n-athruithe móra.

An Dr. J. P. Crowley

tuairisc an phríomhfheidhmeannaigh



Le linn 2003, chaomhnaigh Foras na Mara caighdeán ard i soláthar seirbhísí i ngach réimse, agus bhain sé amach spriocanna áirithe stairiúla, in ainneoin a bheith ag gabháil trí phróiseas mór aistrithe ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh.

- Shroich an t-árthach taighde Celtic Explorer Gaillimh, in am agus laistigh dá bhuiséad; ar chostas €31 milliún, is í seo an infheistíocht singil in infrastructúr taighde & forbartha is mó i stair an Stáit.
- Cóiríodh an t-árthach seo le linn mhíonna tosaigh na bliana, agus tá sí tar éis tabhairt faoi roinnt mísean stairiúil ó shin, ina measc Suirbhé Náisiúnta Ghrinneall na Farraige, Suirbhé Idirnáisiúnta Thrálaireacht an Ghrinnill d'iasc grinnill timpeall chósta na hÉireann, agus suirbhéanna fuaimne ar scadáin amach ó chósta an iarthuaiscirt agus i Muir Éireann. Le linn 2003, thug an Celtic Explorer 236 lá ar an bhfarraige.
- Ní cás a rá gurb í an t-árthach seo an sócmhainn cumarsáide is mó dá bhfuil ag an bhForas. Nuair nach raibh sí ar an bhfarraige, baineadh an-úsáid aisti i roinnt imeachtaí oideachasúla, mar shampla, an coimisiúnú i mí Bealtaine, nuair a thug 10,000 duine cuairt ar an Celtic Explorer, a comh-árthach an Celtic Voyager, agus an taispeántas láimh leis faoi eolaíocht na mara ar chéanna na Gaillimhe ar feadh dhá lá. Socraíodh turais scoile chomh maith do scoláirí sa Ghrianfort i mí na Nollag, agus i nGaillimh do scoláirí ó scoileanna áitiúla in Órán Mór mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta.
- Iompaíodh fód do cheanncheathrú agus do shaotharlanna nua an Fhorais in Órán Mór, Co. na Gaillimhe. Cúis toirtéise d'Éirinn é an t-ionad taighde seo ar chaighdeán domhanda, ionchurtha lena leithéid chéanna ag Scripps, Woods Hole agus Kiel.
- Osclaíodh áras taighde an Fhorais ag Baile Uí Fhiacháin, Co. Mhaigh Eo, agus é méadaithe agus uasghrádaithe. Tá an tsaotharlann seo lonnaithe i suíomh speisialta idir loch fíoruisce agus an fharraige ag Buiríos Umhaill, rud a sholáthraíonn deis idéalach taighde, mar aon le daonáireamh iomlán an éisc le daichead bliain ó na gaistí. Is mór an chabhair a gheobhaidh sé ón €4 milliún a fógraíodh le déanaí i dtionscnamh AquaReg do thaighde i bhfeirmeoireacht an éisc agus i ndobharcheantair.
- Buadh an cath chun cuid de Bhosca na hÉireann a chaomhnú le linn 2003, a bhuíochas mór leis an eolas a sholáthair Foireann Seirbhísí Eolaíocht an Iascaigh, a dhearbhaigh gan aon amhras gur láthair rithábhachtach sceathraí í an fharraige ó dheas agus siar ó dheas ó Éirinn do líon speiceas le tábhacht trádála. Foilsíodh an t-eolas seo, mar aon le staidéir leathana ar leibhéal na stoc tráchtála timpeall chósta na hÉireann, i Leabhar an Stoic, leabhar bliantúil de chuid an Fhorais, agus úsáideadh é ag treorú na gcomhráití faoi chuótaí éisc i mí na Nollag.
- Nuair a tharla ár drámatúil an éisc i mBá Inbhir, cuireadh seirbhísí iomlána an Fhorais ag obair i bhfiosrú cuimsitheach a chlédaigh scrúdú na bhfachtóirí aigéaneolaíochta, timpeallachta agus sláinte an éisc. Foilsíodh an tuairisc chuimsitheach, suas le 129 leathanach, ina dhiaidh sin agus tá fáil air ar shuíomh idirlín an Fhorais.
- Dul chun cinn mór amháin i rith na bliana ab ea an feachtas rathúil a reáchtáil Oifig Fhorbairt Mhara na hÉireann ar cháin tonnáiste. Chuir sé seo le hathnuachan suime i dtionscal loingeas na hÉireann, mar a rinne feachtas mór margaíochta ar son an tionscail rithábhachtaigh seo, gur cuid de thaispeántas in Osló i rith na bliana.
- Tá méadú ar ról na hÉireann i bhforbairt beartas Eorpacha in eolaíocht na mara, agus tá an líon is mó riamh de Chathaoirí ag ainm i nGrúpaí Oibre an ICES, an Chomhairle Idirnáisiúnta do Thaiscealadh na Farraige.
- Le bainistiú cáiréiseach ar phróiseas an aistrithe ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh agus le síochant agus caidreamh idir bainistíocht agus foireann, d'éirigh leis an bhForas formhór a phearsanra a aistriú roimh dheireadh na bliana go háitreach sealadach i bPáirc Teicneolaíochta na Gaillimhe, nó go gcríochnófar tógáil na n-áras nua in Órán Mór.

An Dr. Peter B. Heffernan



Caroline Hepburn
STIÚRTHÓIR

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

Ba bhliain athrach eile í 2003 san Fhoras, le dúbailt líon na foirne lonnaithe i nGaillimh go dtí timpeall 100 duine. Ba bhliain fhuinniúil í, a thug a dúshlán agus a cúiteamh féin don fhoireann. Lean Seirbhísí Corparáideacha orthu ag cur fóid faoi athrú agus forbairt leanúnach an Fhorais, ag soláthar réimse leathan seirbhísí ag féachaint chuige go raibh na córais agus an taithe ann chun deiseanna a thapú agus chun tacaíocht a thabhairt do réimse leathan tionscnamh éagsúla. Forbraíodh agus síníodh Comhaontú cuimsitheach Leibhéal Seirbhísí i gcomhpháirt leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha.

seirbhísí corparáideach

Is iad seo a leanas buaicphointí na bliana:

- Aistriú leanúnach na foirne go Gaillimh agus tacaíocht don fhoireann fós i mBaile Átha Cliath.
- Tiomantas seasmhach d'fheabhas i gcomhlíonadh Threoracha an Rialtais d'Fhorais Stáit agus leis an Acht um Eitic in Oifigi Poiblí 1995, trí thabhairt isteach Liosta Díoltóirí, Clár cuimsitheach Sócmhainní Seasta, agus córas Anailís Chostais / Tairbhe. Tá an tiomantas atá againn d'fheabhas i Rialú Corparáideach á neartú i gcónaí againn.
- Ba bhuaic náisiúnta é Coimisiúnú an Árthaigh Thaighde Náisiúnta nua, Celtic Explorer, i nGaillimh i mí Aibreáin. Ritheadh Clár an-rathúil sna Scoileanna Náisiúnta roimh ré chun bolscaireacht a dhéanamh ar an ártach agus ar thuiscint ar an bhfarraige go ginearálta. D'fhreastal 10,000 cuairteoir ar an Celtic Explorer, ar an Celtic Voyager, agus ar thaispeántas idirghníomhach thar thréimhse trí lá, agus dá réir, ba é seo an imeacht is mó a reachtáladh riamh in Éirinn faoi eolaíocht na mara.
- D'fhreastal 300 scoláire ó mheánscoileanna áitiúla ar an Celtic Explorer sa Ghrianfort, Co. Lú, i mí na Samhna, agus 340 scoláire ó bhunscoileanna agus ó mheánscoileanna in Órán Mór, a thug cuairt ar an ártach i mí na Nollag.
- Seoladh Líonra Inmheánach nua i mí na Nollag 2003, chun fóram fíorúil a sholáthar d'fhoireann Fhoras na Mara in ionaid difriúla: Gaillimh, Baile Uí Fhiacháin, Baile an Aba, Sráid Fhearchair, agus na poirt san áireamh.
- Le feachtas an-rathúil earcaíochta, ceapadh 37 ball nua ar an bhfoireann, i dteannta 13 cheapachán inmheánach. Ba chuid bunúsach é seo do rathúlacht phróiseas an athraithe, á chur i gcrích gan ciorrú ar fheabhas na seirbhísí.
- Bhí a thuilleadh infheistíocht faoi earnáil Taighde, Teicneolaíocht, Forbairt agus Nuálaíocht (TTFN) den Phlean Forbartha Náisiúnta le linn 2003, le maoiniú do thionscnaimh nua, €571,000 infheistithe i 4 staidéar deisce, Iar-Dhochtúireacht amháin, beirt Oifigeach breise i gcomhair Idirchaidreamh leis an Tionscal, 7 dtionscnamh sa Tionscal Feidhmeach, 23 deontas do Líonrú agus Aistriú Teicneolaíochta, agus tionscnamh amháin i gCúnamh Teicneolaíochta. Tá infheistíocht €944,000 i gceist leis seo, agus tugann sé an caiteachas iomlán ar thionscnaimh TTFN go dtí €3.263 milliún, le luach iomlán €5.764m.

Cuntais: Tá tuairisc iomlán airgeadais le fáil sa dara cuid den tuairisc seo.

Caroline Hepburn
STIÚRTHÓIR - Seirbhísí Corparáideacha

An ról atá ag Seirbhísí Corparáideacha ná seirbhís tacaíochta ar chaighdeán ard a sholáthar a dhéanann tionscnú, comhairliú, cumarsáid agus tacaíocht d'obair tríd an eagraíocht i slí mhuinteartha éifeachtúil.


ACMHAINNÍ DAONNA

Earcú

Athbheithníodh agus leasíodh Beartas Earcaíochta agus Roghnaithe le linn 2003, agus mar thoradh ar fheachtas rathúil earcaíochta, cuireadh 37 ball nua leis an bhfoireann agus 13 cheapachán inmheánach. Bhuaigh Foras na Mara duais as Feabhas i bhFógraíocht Earcúil as an bhfógra 'Fond of the Bed'.

Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

Athbheithníodh próiseas an CBFF le linn 2003 ag féachaint chuige go mbeadh tionchar láidir leanúnach ag an gcóras ar fhorbairt na bhfostaithe agus ar fheabhsú chaighdeán na seirbhísí a sholáthraíonn Foras na Mara. Ghlac an Foras forbairt leanúnach an CBFF chuige go fonnmhar, mar a moladh faoin gclár náisiúnta Dul Chun Cinn a Chothú, mar aon leis an riachtanas cur le héifeachtúlacht, cur chun cinn caidreamh stuama tionsclaíoch, agus feabhsú na gcaighdeán i seirbhísí don chustaiméir.



Traenáil

Is cuid thábhachtach den infheistíocht a dhéanaimid san fhoireann í an traenáil agus bhí oiread le 3% de bhuiséad bliantúil na dtuarastal dílsithe do thraenáil le linn 2003. Soláthraíodh cúrsaí inmheánacha agus seachtracha ar bhonn rialta, ag freastal ar na riachtanais a aithníodh trí phróiseas an CBFF. Cuireadh fócas láidir ar fhorbairt phearsanta agus traenáil i stíl "oiliúnú" le linn 2003, chomh maith le traenáil leanúnach dírithe ar scileanna áirithe, deartha chun deiseanna agus saineolas na bhfostaithe a mhéadú. Beartaíodh go n-oibreodh Foras na Mara i dtreo iarratais ar chreidiúnú Feabhas Trí Dhaoine.

Sláinte agus Sábháilteacht

Ba phríaireacht leanúnach é Sláinte agus Sábháilteacht in 2003, le haistriú chuid den fhoireann go háras nua i bPáirc Teicneolaíochta na Gaillimhe. Reáchtáladh cruinnithe de Choiste na Sábháilteachta gach sé seachtaine i bpríomháitreabh Fhoras na Mara. Bhí an fócas sna cruinnithe seo ar mhéadú tuisceana ar chleachtais agus modhanna oibre sábháilte, agus chun clár dian éigeantach traenála i Sláinte agus Sábháilteacht a chur i bhfeidhm. Athbheithníodh ráitis na bpríomhionad go léir, agus seoladh 25 beartas nua bainteach le Sláinte agus Sábháilteacht. Is é an cuspóir ná na ráitis agus na beartais go léir a mhalgamú chun Ráiteas Lárnach d'Fhoras na Mara a ullmhú don bhliain 2004.

Níor tuairiscíodh aon timpiste ná tionóisc mór le linn 2003.

TIMPEALLACHT

Thug Foras na Mara isteach Beartas Timpeallachta agus Bainistíocht Dramhaíle i mí Iúil 2003, agus is cáipéis bheo bheathaitheach i gcónaí í sin. Tá athbhreithniú, leasú, agus nuashonrú déanta air in aithris ar ráitis agus ar bheartais a chaithfidh a bheith ag comhlachtaí a fheidhmíonn faoi rial ISO 14001 (Córais Bhainistíochta Timpeallachta). Déanfar athbhreithniú air gach bliain, agus leasófar an Beartas mar is gá.

Ag gabháil leis an mBeartas, tá Ráiteas Timpeallachta a leagann síos sainchuspóirí Fhoras na Mara, agus cruthaíodh Leabhrán na Timpeallachta chun nodanna a thabhairt don fhoireann ar ghníomhaíochtaí a dhéanfaí chun a bheith níos báúla leis an Timpeallacht ag obair agus ag baile. Cuirfear amach leagan leasaithe den leabhrán gach bliain, chun dúshlán éagsúla timpeallachta a aithint agus chun díriú orthu.

Príomhchuspóir an bheartais ná cur le hathchúrsáil, le hathúsáid, agus le laghdú mhéid na dramhaíola a chruthaímid. Féachfaidh sé chuige go mbíonn cur chuige gníomhach ag Foras na Mara i leith na timpeallachta. Reáchtálar Iniúchtaí Timpeallachta gach bliain, agus bíonn na torthaí agus gníomhaíochtaí feabhsaithe ar fáil ag an bhfoireann ar an Líonra Inmheánach. Coimeádfar Clár Dlíthiúil go lárnach, leis na dlíthe agus na rialacha timpeallachta go léir a bheadh ábharach d'Fhoras na Mara.

seirbhísí corparáideach

CUMARSÁID

Bhain Foras na Mara amach spriocanna tábhachtacha le linn 2003, agus cuireadh iad i láthair spriocghrúpaí tábhachtacha le taispeántais, laethanta oscailte, caidreamh leis na meáin, agus suíomh idirlín an Fhorais, www.marine.ie

Imeachtaí

D'éirigh linn tuairiscíú substaintiúil a fháil ar imeachtaí áirithe sna meáin, an raidió agus an preas san áireamh:

- Coimisiúnú an Árthaigh Thaighde Celtic Explorer ar Aibreán 11-13, nuair a thug 10,000 cuairt ar an ártach agus ar an taispeántas láimh leis faoi eolaíocht na mara ag Cuan na Gaillimhe.
- Oscailt na n-áras taighde uasghrádaithe de chuid Fhoras na Mara i mBaile Uí Fhiacháin, Co. Mhaigh Eo, ar 13 Meitheamh, agus lá oscailte leis.
- Iompú fóid do cheanncheathrú nua Fhoras na Mara in Órán Mór.

Bhí Foras na Mara páirteach i dtaispeántais eile, Seó na mBád agus Féile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe san áireamh, agus thug an Foras urraíocht do thionscnaimh faoi thuiscint ar eolaíocht na mara, an foilseachán nua eolaíochta “Science SPIN” agus Lá Domhanda na Farraige san áireamh.

Tuiscint ar an bhFarraige sna Scoileanna

Reáchtáil an Foras comórtas náisiúnta do scoláirí bunscoile ag an am céanna le seoladh an Celtic Explorer, le 1,677 iontráil, agus comórtas faoi thuiscint ar an timpeallacht i mBaile Uí Fhiacháin, ag an am céanna le hoscailt na n-áras taighde uasghrádaithe ann, le 200 iontráil ar chaighdeán an-ard. Cuireadh leathanach gréasáin do scoileanna le suíomh an Fhorais ag www.marine.ie

Cruthaíodh CD bunaithe ar Shuirbhé Náisiúnta an Chósta, “Coastview for Schools”, dírithe ar churaclaim na heolaíochta agus na tíreolaíochta, chun áis phraiticiúil múinteoireachta a sholáthar do mhúinteoirí.

Bhí dhá lá oscailte i mí na Samhna ar an Celtic Explorer do scoileanna sa Ghrianfort, Co. Lú, mar ar thug 300 scoláire áitiúil meánscoile cuairt ar an ártach, agus i nGaillimh i mí na Nollag, mar ar thug 340 scoláire ó bhunscoil agus ó mheánscoil Óráin Mhóir cuairt ar an Celtic Explorer.

Cumarsáid Inmheánach

Seoladh Lónra Inmheánach nua i mí na Nollag 2003 chun fóram fíorúil cumarsáide a sholáthar d'fhoireann Fhoras na Mara ag na hionaid go léir. Forbraíodh é i gcomhairle leis an bhfoireann trí Ghrúpa na Páirtnéireachta.

PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Is é Foras na Mara, ag feidhmiú thar cheann na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, an Comhlacht Comhlíonta do Chlár TTFN na Mara €52.6 milliún de chuid an Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Is é atá i gClár TTFN na Mara ná na fobhearta seo leanas:

- 1 Soláthar ceapaíochta feabhsaithe san ártach taighde chun gníomhaíochtaí ar an scairbh ilchríochach imeallach a chlúdach



- 2 Feabhsú ar shaotharlanna agus ar áiseanna tábhachtacha náisiúnta mara chun an cumas agus an t-infrastruchtúr is gá a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí pleanáilte.
- 3 Bunú Ciste TTFN na Mara chun tacaíocht a thabhairt do TTFN bunaithe ar thionscnaimh i spriocréimsí tábhachtacha.

- 1 Tionscnamh i gCúnaimh Teicniúil (deontas iomlán €38,350)

I gcás na dTionscnaimh Feidhmeach (Tionscal) is é €630,456 luach iomlán na dtionscnaimh gur tugadh tacaíocht dóibh, agus tugadh €374,490 (59% de chostais) mar chabhair deontais.

Reáchtáladh seimineár do na Scoláirí agus na Comhaltachtaí go léir i mí Mheán Fómhair. Sholáthair sé deis do lucht faighte na ndeontas a gcuid oibre agus pleananna a chur i láthair, chomh maith le fóram gréasánaithe, a cheadaigh dóibh ceangal a dhéanamh le forais tionsclaíochta agus rialtais. Léirigh sé caighdeán ard i gcumas na dtaighdeoirí a fhaigheann maoiniú, ag teacht le cuspóir ghinearálta Chlár na Mara den Phlean Forbartha Náisiúnta chun cumas riachtanach nuálaíochta a fhorbairt i dtaighde timpeallachta, iascaigh, feirmeoireacht an éisc, agus biteicneolaíocht na mara.

Foilsíodh Tuairisc Shealadach TTFN na Mara den Phlean Forbartha Náisiúnta le linn 2003, a thugann sonraí ar an méid a rinneadh agus a baineadh amach i gClár TTFN na Mara 2000-2002. Tá an cháipéis seo, maidir le cáipéis achoimre de dhuaiseanna 2003 go léir, ar fáil ar shuíomh an Fhorais ag www.marine.ie/marinertdi

DUL CHUN CINN LE LINN 2003

FoBheart 1: Celtic Explorer

Coimisiúnaíodh an tÁrtach Taighde Náisiúnta nua, an Celtic Explorer, ar 11 Aibreán 2003. Thosaigh an t-ártach 65m ilchuspóireach seo ag obair i mí Bealtaine.

FoBheart 3: Ciste TTFN na Mara

Seoladh an tríú babhta maoiniúcháin i mí an Mhárta 2003. Bhí na tionscnaimh seo leanas i measc na dtionscnaimh gur éirigh leo:

- 7 dTionscnaimh Feidhmeach (Tionscal) (deontas iomlán €374,490).
- 2 Staidéar Deisce (deontas iomlán €166,137)
- 1 Chomhaltacht (deontas iomlán €135,000).
- 22 Urraíocht/Duaiseanna Gréasánaithe (deontas iomlán €32,796)



Glenn Murphy
STIÚRTHÓIR

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

Is in 2003 a thosaigh bearta tábhachtacha áirithe, a bhí á fhorbairt ag Oifig Forbairt Mara na hÉireann le trí bliana roimhe sin, ag léiriú comharthaí substaintiúla den tionchar eacnamaíochta ar mhéadú chnuasach na seirbhísí mara in Éirinn.

Bhí comharthaí láidre dearfacha fáis i méid an loingis agus i bhfostaíocht bunaithe ar an bhfarraige in earnáil seirbhísí loingseoireacht idirnáisiúnta na hÉireann le linn na bliana, in aghaidh tréimhse roimhe sin de thitim ghéar le linn na 1990í. Is suaithinseach an poitéinseal a léirigh na hearnálacha le breisluach ard, seirbhísí in airgeadú mara, léasú, agus TE. *Ba i 2003 an bhliain ba threise fós i dtimthriall athshlánaithe na hearnála.*

Buaicphointí:

- Tháinig méadú 16.8% ar fhostaíocht in earnáil úinéireacht na n-árthach le linn na bliana.
- Bhí athshlánú eacnamaíochta i loingear tráchtála na hÉireann le linn na tréimhse, le méadú measta 68% i gceapaíocht ginearálta an loingis.
- Seoladh Feachtas d'Infheistíocht Díreach Idirnáisiúnta, a mhúscail suim dáiríre i ngrúpaí seirbhísí thar lear i linn in Éirinn.

oifig fhorbairt mhara na héireann

- Teacht chun cinn in earnáil airgeadú longa idirnáisiúnta.
- Forbairtí móra i ndul chun cinn Stór an Eolais.
- Fócas seasmhach ar fhorbairt eacnamaíochta agus cumas iomaíochta farraige gairid.
- Ceapaíocht bhreise, conarthaí nua agus seirbhísí curtha le slabhra soláthair mara na hÉireann.
- Luach earraí os cionn €150 billiún ag baint úsáide as poirt mhara na hÉireann agus slabhra soláthair loingis.
- Éileamh láidir ar chúrsaí tríú leibhéal in Eolaíocht Loingis agus Innealtóireacht Mhara i CIT.

Úinéirí Éireannacha is mó a bhí chun tosaigh in athshlánú na hearnála, leithéid Irish Continental Group agus Arklow Shipping Teo. Ní ag na húinéirí / gníomhairí móra amháin a bhí an fás seo, áfach, mar chuir gníomhairí beaga eile ó Éirinn áirthe agus ceapaíocht nua lena loingear féin i rith na bliana. Bearta áirithe, deartha ag Oifig Forbairt Mara na hÉireann agus curtha i bhfeidhm ag an Rialtas chun treisiú leis an earnáil, is iad a thiomáin chuid mhaith den téarnamh seo.

Bhí comharthaí sásúla fáis agus forbartha chomh maith i gcnuasach seirbhísí an loingis, sna hearnálacha le breisluach ard: bancaireacht, cuntasaíocht agus seirbhísí dlí. B'fhorbairt thábhachtach é in 2003 gur bhunaigh Banc na hÉireann foireann dílsithe in Airgeadú Loingis Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath. Lean líon de bhainc neamh-Éireannacha i Lárionad Seirbhísí an Airgeadais a sampla, agus tá maoiniú in Airgeadú agus i Léasú Loingis Idirnáisiúnta á thairiscint ó Bhaile Átha Cliath acu. Earnáil na farraige gairide, a thugann tacaíocht agus seirbhísí d'eacnamaíocht na hÉireann, lean sé air ag méadú, ag cur le ceapaíocht agus le hiomaíocht.

Tá Oifig Forbairt Mara na hÉireann ag tnúth le 2004, uchtaithe ag athshlánú na hearnála agus ag comharthaí dearfacha i bhfás na heacnamaíochta. Tá súil againn leanúint orainn inár misean chun earnáil fhuinniúil iomaíoch seirbhísí loingis idirnáisiúnta a chruthú in Éirinn.

Glenn Murphy
STIÚRTHÓIR - Oifig Forbairt Mhara na hÉireann

Tá sainordú dlíthiúil ag Oifig Fhorbairt Mhara na hÉireann fás in earnáil loingear na hÉireann a chur chun cinn agus oibríochtaí ábhartha mara eile a mbealladh go hÉirinn, i bpáirt le pearsain thábhachtacha sa loingear idirnáisiúnta agus seirbhísí cúntacha.

FEACHTAS STRAITÉISEACH MARGAÍOCHTA & FORBARTHA

Sa bhliain 2003, chuir Oifig Fhorbairt Mhara na hÉireann i bhfeidhm feachtas cuimsitheach margaíochta, ag tógáil ar rathúlacht straitéis mhargaíochta na bliana roimhe sin. I measc na bpríomh-chuspóirí i straitéis margaíochta 2003, bhí féachaint chuige go gcuirfí i bhfeidhm feachtas comhdhlúite bolscaireachta. Le comhordú bheartais na margaíochta go léir, d'fhéach an oifig chuige gur baineadh amach an tuairisciú ba mhó a d'fhéadfaí, agus ina theannta sin go raibh cnuaisciúin scála ann, chun go bhfuair an oifig luach a gcuid airgid ar a bheartais mhargaíochta. Tá comhéadan iontaofa branda bunaithe anois ag an oifig sna margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ina mbíonn sé ag obair.

Ba mhó an bhéim a cuireadh ar mhargaíocht leictreonach in 2003 ná mar a cuireadh sna blianta roimhe sin. D'aithin an oifig gur éifeachtúla an modh é margaíocht leictreonach, go háirithe ó thaobh costas, chun a theachtaireacht a chur abhaile ar mhargadh ginearálta nó sainiúil.

Cuireadh roinnt feachtas margaíocht leictreonach le próifíl ard i bhfeidhm le linn na bliana i gcuid de na foilseacháin is mó meas sa tionscal, chomh maith le mórán foilseachán nideoige. Tugadh tacaíocht feachtas spriodhírthe priontáilte don bholscaireacht leictreonach. Pleanádh cuid de na feachtais leictreonacha agus priontáilte chun tarlú ag an am céanna le forbairtí díreacha dár gcuid i limistéir thábhachtacha earnálacha nó tíreolaíochta le linn tréimhsí páirtíochta in imeachtaí ar leith nó cuairteanna forbartha ar leibhéal ard gnótha.

Mar thoradh díreach ar shaothar spriodhírthe margaíochta na hoifige in 2003, mhéadaigh líon na gcuariteanna ar shuíomh Oifig Fhorbairt Mhara na hÉireann os cionn 400,000, méadú 32.7% ar 2002.

Ullmhaíodh ceithre leagan den litir leictreonach nuachta agus cuireadh suas ar an ngréasán iad, ag tabhairt cuntais ar obair na hoifige. Cuireadh amach fógra r-phoist go dtí breis is 1,000 teagmhálaí náisiúnta agus idirnáisiúnta do gach litir nuachta.

Thug an Oifig faoi chláir gníomhach chun taca agus forbairt a thabhairt do stór eolais na loingseoireachta le béim ar leith ar thraenáil na mairnéalach agus seirbhísí proifisiúnta loingseoireachta bunaithe ar an talamh. Chothaigh an Oifig chomh maith an suíomh gréasáin dílsithe dá chuid, www.careersatsea.ie; bhí figiúirí folláine cuairteoirí aige le linn na chéad bhliana aige ar an saol. D'fhreastal an oifig chomh maith ar naoi gcinn d'imeachtaí agus taispeántais faoi shlíthe beatha ar fud na tíre le linn 2003.

Mar chuid dá fheachtas díreach margaíochta, sheol an oifig pacáiste cuimsitheach eolais agus cumarsáide, "Your Business in Ireland". Seoladh é go dtí breis is 500 duine aonair roghnaithe go cairéiseach i 300 ceann de na corparáidí loingseoireachta is mó sa domhan. Bhí 16 cinn d'earnálacha nideoige san áireamh ansin, in oiread le 12 ionad loingseoireachta domhanda. An t-eolas a soláthraíodh leis an bhfeachtas seo, ghnóthaigh sé leibhéal ard suime thar lear i bhforbairt na hÉireann.

CLÁR IDIRNÁISIÚNTA I BHFORBAIRT AN GHNÓ

Thóg an Oifig ar a feachtas rathúil ó 2002; de chois ar fhógairt réimeas Cháin Tonnáiste na hÉireann, le forbairt dírithe ar ghnó, margaíocht díreach, agus cláir indéacha bolscaireachta, ag leanúint air ag forbairt a straitéise le feachtas díreach le linn 2003 ar leibhéal níos airde.

I mí an Mheithimh, rinne Dermot Ahern TD, Aire na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, feachtas idirnáisiúnta “infheistíocht isteach” de chuid Oifig Fhorbairt Mhara na hÉireann a sheoladh go hoifigiúil. Is ar bord an LE Eithne in Osló a bhí an seoladh, le linn NORSHIPPING, an chomhdháil agus taispeántas mara is mó sa domhan. Ba é Ambasadóir na hÉireann go dtí an Iorua, a Shoilse Donal Hamill, fear an tí don ócáid, agus d’fhreastal os cionn 150 aoi air. I measc na n-aoi, bhí úineirí árthaí idirnáisiúnta, ceannasaithe chuid de na cuideachtaí loingseoireachta is mó sa domhan, agus ambasadóirí agus uaisle ó bhreis is 20 náisiún loingseoireachta.

- Le linn 2003, thóg Oifig Fhorbairt Mhara na hÉireann ar láimh roinnt misean chun gnó agus tráchtáil idirnáisiúnta a fhorbairt go díreach. Is é a bhí sa chlár ná meascán de chruinnithe ar leibhéal ard, le 28 corparáid ilnáisiúnach ríthábhachtach spriocdhírthe ina measc, taispeántais d’fheidhmeannaigh shinsearachta, misin trádála agus taispeántais san Eoraip, sa Chianoirthear agus sna Stáit Aontaithe.

oifig fhorbairt mhara na héireann

- Fuair an Oifig tacaíocht i margaí ríthábhachtacha áirithe ó ambasadóirí na hÉireann don Iorua agus don Chóiré. Fuair an oifig tacaíocht lena clár i rith na bliana chomh maith ó ghréasán substaintiúil idirnáisiúnta na hÉireann, leithéid IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, agus comhlachtaí áirithe profisiúnta idirnáisiúnta.
- Léirigh an earnáil idirnáisiúnta comharthaí spreagúla ar phoitéinseal fáis in 2003. Chabhraigh Oifig Forbairt Mara na hÉireann le cuideachtaí mara náisiúnta agus domhanda chun oibríochtaí mara éagsúla idirnáisiúnta a bhunú in Éirinn. Ina measc bhí Mediterranean Shipping Co., a bhunaigh oibríochtaí nua loighistice i mBaile Átha Cliath, agus Transas Teo., ceann de na soláthróirí teicneolaíochta mara is mó sa domhan, a bhunaigh a bpríomhoifig idirnáisiúnta i gCorcaigh. In earnálacha airgeadú agus léasú na n-árthach, bhunaigh Banc na hÉireann Rannóg nua Seirbhísí Mara i mBaile Átha Cliath, agus go gairid ina ndiaidh a tháinig Lombard Global Finance, a dheimhnigh a rún foireann dílsithe chun léasú mara a bhunú óna n-oifig i Lárionad Seirbhísí an Airgeadais.
- Thug Oifig Fhorbairt Mhara na hÉireann comhairle don Rialtas chomh maith ar roinnt bearta airgeadais agus cánach dírithe ar an earnáil, ina measc tuairisc a mhol beart faoin léasú bunaithe ar cháin agus imfhálaithe. Tá plé ar siúl go leanúnach le ranna éagsúla Rialtais maidir leis na nithe seo.

CLÁR NÁISIÚNTA

Eacnamaíocht Iompair Mhara & Loingseoireacht "Farraige Ghairid"

Is í earnáil "farraige gairid" na hÉireann an rannóg is mó d'earnáil seirbhísí loingseoireachta na hÉireann, le breis is 4,500 duine fostaithe ann. Le linn 2003, lean an earnáil ag méadú léi go parailéalach, faoi nó thairis, le fás agus borradh eacnamaíocht na hÉireann.

I mí Iúil, ceapadh Oifigeach Idirchaidreamh leis an Tionscal d'Oifig Forbairt Mara na hÉireann tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta chun díriú ar shaincheisteanna bainteach le heacnamaíocht iompair mhara agus farraige ghairid.

- I mí Meán Fómhair 2003, choimisiúnaigh Oifig Fhorbairt Mhara na hÉireann staidéar deisce ar leibhéal ard ar chonair thrádála don loingseoireacht farraige gairid Idir-Eorpach, agus táthar ag súil lena thoradh in 2004.
- I mí na Samhna 2003, mhaoinigh agus bhronn an Oifig comhaltacht ardleibhéal trí bliana iar-dhochtúireachta ag ollscoil Éireannach faoi eacnamaíocht iompair mhara, ábhar a aithnítear mar bhearna mhór ag an leibhéal náisiúnta.
- Sholáthair Oifig Fhorbairt Mhara na hÉireann comhairle thábhachtach saineolais faoi bheartas don Roinn Cumarsáide, Mara, agus Acmhainní Nádúrtha ar líon áirithe ceisteanna tábhachtacha Eorpacha bainteach le beartas iompair farraige ghairid.
- Chabhraigh an Oifig go díreach le deich gcinn de chuideachtaí Éireannacha agus iad ag ullmhú aighneachtaí agus samhltú don chlár Marco Polo, maoinithe ag an AE.

- Is í Oifig Fhorbairt Mhara na hÉireann a dhéanann ionadaíocht ar son na hÉireann i nGréasán Farraige Gairid na hEorpa (ESN), an foras ceaptha ag Coimisiún na hEorpa chun déileáil le ceisteanna pan-Eorpacha bainteach le loighistic iompair mhara. Mar chuid den obair a dhéanaimid leis an ESN, d'ullmhaíomair an dréacht don straitéis margafóchta agus don phlean forbartha do 2003-2005, agus d'fhreastlaíomar ar 15 chruinniú gréasáin, dhá cheann déag acu go fíorúil agus trí cinn aghaidh ar aghaidh.
- Cuireadh roinnt bhreise le hearnáil na seirbhísí farraige gairid le linn 2003 le teacht seirbhísí nua, leithéid na seirbhísí soláthair de chuid MSC ó Bhaile Átha Cliath, Corcaigh agus Béal Feirste dá n-ionaid Eorpacha. Forbairt shuimiúil eile ab ea an dá ártach farraige gairid 45' tógtha d'aonghnó a chuir Norfolk Line ar a línte Éireannach, ag cur le ceapaíocht agus ag laghdú am taistil 20% idir Phort Láirge agus Rotterdam. Le linn 2003, chuir gníomhairí eile - leithéid Stena, Geest, Eucon, agus Mac Andrews - árthaí nua nó ceapaíocht nua leis an earnáil.



Stór an Eolais á Thógáil

- Lean an Oifig uirthi faoina sainordú ag cabhrú agus ag tacú le traenáil agus le forbairt mhairnéalaigh na hÉireann. I mí na Márta, d'aistrigh an Roinn go hoifigiúil an fhreagracht as riarú agus forbairt deontas traenáil na mairnéalach don Oifig.
- Sholáthair Oifig Fhorbairt Mhara na hÉireann tacaíocht díreach oideachasúil do bhrócaerí loingis na hÉireann agus d'Institiúid Idirnáisiúnta na Mara ag Coláiste Náisiúnta na hÉireann; táthar ag súil go seolfar go hoifigiúil é in 2004.
- Sholáthair Oifig Fhorbairt Mhara na hÉireann comhairle thábhachtach shaineolais ar leibhéal ard faoi bheartas don Roinn ar cheisteanna áirithe tábhachtacha airgeadais agus oideachais, agus ar na dúshláin atá ar aghaidh na hearnála amach.



Micheal Ó Cinnéide
STIÚRTHÓIR

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

Tá foireann Seirbhísí Timpeallacht Mhara agus Sábháilteacht Bia (TMSB) bunaithe i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh, agus bíonn réimse leathan tascanna taighde agus monatóireachta ar siúl acu i dtimpeallacht na mara agus i sábháilteacht an bhia. Bliain an-chúramach í 2003 do TMSB. I measc na mbuaicphointí bhí na nithe seo leanas:

- Reáchtáil Foras na Mara fiosrúchán mór i mbás milliún bradán ag súimh i mBá Inbhir agus Bá Mhic Suibhne, Dún na nGall. Chaith baill d'fhoirne Sláinte an Éisc, Ceimic na Mara agus Aigéaneolaíochta cuid shubstaintiúil d'am na rannóige sa dara leath den bhliain ag scrúdú áir seo an éisc. Ullmhaíodh roinnt tuairiscí sealadacha agus athbhreithníodh iad le hoifigigh ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha agus le tionscal feirmeoireacht an éisc i nDún na nGall.
- D'oibrigh foireann Fhoras na Mara go dlúth leis an Údarás um Chosaint na Timpeallachta, le Dúchas, leis an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch agus le forais eile chun Plean Monatóireacht na Mara d'Éirinn a ullmhú, an chéad cheann dá shórt. Seoladh an cháipéis seo, The National Environmental Monitoring Plan for Transitional, Coastal & Marine Waters: a Discussion Document, i mí na Samhna 2002 agus is é is aidhm leis ná bonn a chur faoi mhonatóireacht uiscí an chósta faoi réir ag an Treoir Chreatlaí faoin Uisce de chuid an AE.

seirbhísí timpeallacht na mara & sábháilteacht an bhia

- D'oibrigh an Foras go dlúth le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, de réir Chonradh na Seirbhíse, a liostálann an Foras mar Ghníomhaire Oifigiúil faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Reáchtáil foireann TMSB 13,368 tástáil go hiomlán le linn 2003 ar réimse leathan clár monatóireachta d'earnáil na n-iasc sliogánach, ag clúdach mbitocsaín in iasc sliogánach, rianmhiotail in iasc agus in iasc sliogánach, agus leibhéal na n-iarmhar in iasc feirme. Cuireann na clár shábháilteachta bia seo fód láidir faoi earnáil bhia mara na hÉireann chun rialacha an AE a chomhlíonadh agus chun sábháilteacht iomlán na dtomhaltach a ráthú do mhargadh na hÉireann agus do mhargaí thar lear.
- Rinne foireann TMSB dul chun cinn leanúnach i bhforbairt agus i gcothú a chlár Dearbhaithe Cáilíochta. Le linn 2003, mhéadaigh an fhoireann scóp a chuid creidiúnaithe INAB/ISO 17025, Uimh. Chlár. 130T agus 140T, chun ocht gcinn de mhodhanna tástála i ndisciplíní na ceimice agus na micribhitheolaíochta, ina measc prótacal samplála chun iarmhair a fhaire faoi bhun Treoir an Chomhairle 96/23/EC. I dteannta mheasúnachtaí seachtracha an INAB le linn 2003, rinne Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann iniúchadh ar TMSB agus reáchtáil Eagraíocht Bia agus Tréidliachta an AE iniúchtaí seachtracha mar chuid dá ndualgais NRL, agus choimeád siad suas sceideal cuimsitheach d'iniúchadh inmheánach. I rith 2003 bhí TMSB páirteach i gcónaí i scéimeanna tástálacha seachtracha ar oilteacht agus staidéir chomparáideacha idir-shaotharlann, agus bhain siad amach torthaí sármhaithe.
- Líon an fhoireann eolaíoch ról gníomhach comhairle i gcónaí don Roinn, ag deileáil le hiarratais Dumpáil ar Farraige, ceadúnais feirmeoireacht an éisc, monatóireacht, sábháilteacht éisc shliogánaigh agus sláinte an éisc.

Micheal Ó Cinnéide
STIÚRTHÓIR - Seirbhísí Timpeallacht na Mara agus Sábháilteacht an Bhia

Soláthraíonn TMSB seirbhís agus comhairle eolaithe ar shábháilteacht bhia na mara agus ar stádas timpeallachta na mara do thionscal an éisc agus an éisc shliogánaigh, don Roinn, d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, do Choimisiún an AE agus do Choimisiún Osló-Páras (OSPAR), agus a leithéid eile de chliaint. Reáchtáilann sé clár mhonatóireachta chun gealltanais nua na hÉireann san AE a chomhlíonadh i sábháilteacht éisc shliogánaigh, iarmhair agus ábhair shailithe i mbia na mara agus sláinte an éisc.


CEIMIC NA MARA

Soláthraíonn rannóg Cheimic na Mara seirbhísí taighde, monatóireachta agus comhairle theicniúil faoi shábháilteacht bia agus faoin timpeallacht do réimse cliaint, ina measc ranna rialtais, comhlachtaí poiblí, agus an tionscal. Déantar an mhonatóireacht thar cheann na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus na Roinne Talmhaíochta agus Bia, agus faoi chonradh seirbhíse do ÚSBÉ, go mbíonn ról comhordaithe acu.

Sábháilteacht an Bhia

Uiscí le hIasc Sliogánach ag Fás iontu: Le linn 2003, sampláladh oisrí agus diúilicíní ag 28 suíomh chun iad a thástáil do rianmhíotal agus hidreacarbóin chlóirínithe (PCBanna agus peisticídí).

Ábhair shailithe timpeallachta in iasc maraíthe sna poirt: Reáchtáladh monatóireacht bhliantúil ar réimse speiceas éisc a maraíodh ag cúig phort Éireannach do rianmhíotal agus hidreacarbóin chlóirínithe.



Tuairiscí: Tuairiscíodh torthaí chlár na monatóireachta ar iasc sliogánach agus poirt éisc do 2002 leis na húdaráis chúí. Tá ceithre fhoilseachán a léiríonn na torthaí ar fáil ar shuíomh gréasáin Fhoras na Mara (féach Agusín 4).

Faire ar iarmhair in iasc feirme: Reáchtáladh clár leathan tástála do shubstaintí neamhcheadaithe, iarmhair thréidliachta, agus ábhair shailithe timpeallachta. Eisíodh 32 tuairisc indibhidiúla monatóireachta, don chuid is mó de na feirmeacha éisc a sampláladh faoin gclár.

Timpeallacht

OSPAR & ICES: Reáchtáladh monatóireacht d'ábhair shailithe timpeallachta do réir an Chláir Chomhordaithe do Mhonatóireacht Timpeallachta (CEMP) de chuid OSPAR. Feabhsaíodh prótacail do bhainistíocht an eolais agus tuairiscíodh roinnt soiteanna sonraí le banc eolais an ICES do mheasúnacht ag OSPAR agus an EEA. Bhí siad seo leanas i measc na bpríomh-eilimintí:

- Straitéis leasaithe samplála do shuirbhé bhliantúil an gheimhridh ar chothathaigh i Muir Éireann agus sa Mhuir Cheilteach. Sampláladh 281 stáisiún do sháile agus leathadh 54 "cast CTD".
- Suirbhé ar réimse leathan substaintí baolacha i ndríodar i gCuan Chorcaí.

Bhí foireann TMSB páirteach i gcónaí i gCoiste Seiceála Ceadúnais na Mara de chuid na Roinne, ag soláthar comhairle go leanúnach ar dhumpáil ar farraige, iarratais ar cheadúnais, agus oiriúnacht an dríodair i gcóir dumpála ar farraige. Sholáthair Timpeallacht na Mara agus Sábháilteacht an Bhia ionadaithe náisiúnta do ghrúpaí oibre saineolaithe agus coistí de chuid OSPAR agus ICES faoi bhun Straitéis Mhara an AE.

I measc na mbuaicphointí eile bhí siad seo leanas:

- Páirteach i gcur i gcrích in Éirinn an Treoir Chreatlaí faoin Uisce trí ghrúpaí saineolaithe (Grúpa Comhairle Theicniúil Thuaidh-Theas agus Grúpa Náisiúnta Saineolaithe faoi Ábhair Bhaolacha) agus soláthar eolais agus comhairle do Thionscnaimh Cheantair Abhantraí.
- Críochnú tionscnamh an BROC (Biological Reference Materials for Organic Contaminants).
- Tionscnamh leanúnach iarchéime le ITBÁC ar anailís il-iarmhar d'ábhair shailithe timpeallachta.
- Páirtíocht leanúnach i gclár QUASIMEME do thástáil oileacht shaotharlainne

SÁBHÁILTEACHT BHIA NA MARA - BIOTOCSAINÍ

Is é Foras na Mara an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta do Bhiotocsainí Mara ceaptha ag an AE d'Éirinn agus soláthraíonn sé seirbhís seachtainiúil monatóireachta ar fhiteaplanctón a chruthaíonn tocsainí agus ar bhiotocsainí i bhfeoil na n-iasc sliogánach, do gach limistéir ina maraítear iasc sliogánach. Féachann sé seo chuige go gcloítear le rialacha an AE i dtaobh sábháilteacht an éisc shliogánaigh agus go bhfuil na hearraí a cuirtear ar an margadh sábháilte le hithe ag daoine. Cuirtear amach na torthaí gach seachtain le facs, r-phost, agus teachtaireachtaí téacs SMS go dtí rialtóirí, ina measc Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, ranna rialtais, agus tionscal an éisc shliogánaigh. Le linn 2003, forbraíodh banc sonraí ar-líne faoi Bhláthú Algaí Díobhálacha, agus foilsítear na torthaí go léir ar shuíomh an Fhorais ag <http://www.marine.ie/habsdatabase>

Monatóireacht Biotocsainí

Tástáladh 8,399 sampla le linn 2003, i gcomparáid le 8,824 le linn 2002. Eisíodh 92% de thorthaí anailíse DSP/AZP idir bhithmhéasúnacht agus LC-MS faoi cheann trí lá oibre ó theacht an tsampla isteach sa tsaotharlann, ag sárú targaid 90% a leagadh síos i gConradh na Seirbhíse le ÚSBÉ. Is de bharr an leibhéil chúisach íseal (3%) de thocsaineacht a fuarthas a thit líon na samplaí den iasc sliogánach beagáinín in 2003 i gcomparáid le 2002. Aontaíodh laghdú i minicíocht na dtástálacha leis an MSSC, bunaithe ar an anailís a rinne Foras na Mara ar shonraí stairiúla.

Mar a taifeadadh in 2002, is ar éigean a bhí tocsainí AZP ar fáil in iasc sliogánach in 2003, nó ní raibh dlús os cionn teora na dlí in aon sampla den 2,796 a tástáladh ach dhá cheann. Ba iad an t-aigéad okadaic agus DTX-2 na tocsainí is mó a fuarthas. Léirigh comparáid idir bhithmhéasúnacht luiche agus modh tástála LC-MS comhréiteach 98%. Tá Rannóg na mBiotocsainí ag lorg creidiúnaithe do trí chinn eile de mhodhanna anailíse.

seirbhísí timpeallacht na mara & sábháilteacht an bhia

Eagraíodh an Ceathrú Ceardlann in Eolaíocht Mara agus Biotocsainí de chuid na hÉireann i gcomhpháirt le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus le BIM ar 7 Samhain, le breis is 120 freastalaí, agus tugadh páipéir ann ó Éirinn, ón mBreatain agus ó na Stáit Aontaithe.

Páirtnéireachtaí Taighde

- BOHAB - “Biological Oceanography of Harmful Algal Blooms off the west coast of Ireland”.
- ASTOX - “Isolation and purification of azaspiracids from naturally contaminated materials and evaluation of their toxicological effects”.
- Tionscnamh RASTA maoinithe ag an mBord um Chur Chun Cinn Sábháilteacht Bhia.
- Staidéir chomparáideacha ASP agus PSP eagraithe ag Saotharlann Tagartha an AE, Vigo, An Spáinn.
- Staidéar ar fhorbairt mhodh d'anailís samplaí iltocsainí le modh LC-MS, eagraithe ag Institiúid Cawthron, an Nua-Shéalainn.
- Eagrú comhpháirteach scéim idirnáisiúnta tástáil oilteachta d'aigéad domoic, agus páirtíocht rathúil ann.
- Comhoibriú agus comh-mhaoirsiú beirt scoláirí MSc in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn ag oibriú ar mhodheolaíocht d'aimsíú aigéad domoic in iasc sliogánach agus tionchar toirt agus doimhneas na gcamóg ar mhéid an aigéid domoic.

Comhdhálacha Eolaíochta

Bhí foireann Aonad na mBiotocsainí páirteach i líon áirithe comhdhálacha eolaíochta, ina measc, cruinniú bliantúil Coiste Normálaithe na hEorpa (CEN) i Yerseke (Aibreán 2003), cruinniú bliantúil Ghréasán na hEorpa de Shaotharlanna Tagartha Náisiúnta faoi Bhiotocsainí a d'eagraigh Saotharlann Tagartha an Chomhphobail i mí na Samhna 2003, agus an cheardlann/comhdháil idirnáisiúnta faoi theicneolaíocht chun monatóireacht a

dhéanamh ar Bhláthú Algaí Díobhálacha agus tocsainí mara i Nelson na Nua-Shéalainne i mí na Samhna 2003. Rinne baill foirne den Fhoras cur i láthair ar Chlár Monatóireachta na mBiotocsainí in Éirinn ag Ceardlann na Fraince faoi Thocsainí Nádúrtha Uisce, an 8ú Ceardlann i gCeanada ar Algaí Díobhálacha Mara, cruinniú bliantúil Chumann Churadóirí Éisc Shliogánaigh na hAlban, agus cruinniú bliantúil Chumann Feirmeoireacht an Éisc i gCeanada.

AONAD SHLÁINTE AN ÉISC

Tacaíonn Aonad Sláinte an Éisc (ASÉ) le tionscal feirmeoireacht an éisc agus earnáil an iascaigh intíre ag cothú stádas ard na hÉireann i sláinte an éisc. Soláthraíonn sé seirbhísí dlíthiúla (de réir Treoracha de chuid an AE) agus tacaíocht diagnóiseach, leithéidí baictéareolaíocht, víreolaíocht, histeolaíocht, paraisíteolaíocht agus bitheolaíocht mhóilíneach.

Mar Shaotharlann Tagartha Náisiúnta do ghalair éisc agus éisc shliogánaigh, bhí baill foirne den ASÉ páirteach i dhá chruinniú bhliantúla de Shaotharlanna Tagartha, sa Bhruiséal agus i Weymouth, Sasana.

Le linn 2003:

- Rinneadh iniúchadh agus sampláil ar gach suíomh éisc, muir agus fíoruisce, agus sampláladh iad do láithreach galar Liosta 2 agus Liosta 3, do réir Treoir an Chomhairle 91/67/EEC.
- Tástáladh gach suíomh feirme *O. edulis* dhá uair sa bhliain (earrach agus fómhar) do láithreach na bparaisít Liosta 2 *Bonamia ostrea* agus *Marteilia refringens*.



- Rinneadh iarracht le staidéar éipidémeolaíocht ar Bhonamiosis i leapacha fráine oisrí in Acaill, Co. Mhaigh Eo, teacht ar bhunús an ghalair agus a thuilleadh leathnaithe a chosc. Tá Stádas Zón Ceadaithe don ghalair cailte ag Bá Acla agus Cuan an Fhóid Duibh; ní fhéadfaí a bhunús a dhéanamh amach go cinnte.
- Scrúdaíodh 2,237 breac agus 414 breac sliogánach ar mhaithe le cuspóirí diagnóiseacha.
- Bhí Siondróm Mortlaíocht an tSamhraidh fós ag cruthú mortlaíocht suaithinseach in Oisrí an Aigéin Chiúin ar chósta an deiscirt, nasctha le strus timpeallachta agus stádas fiseolaíocht na n-ainmhithe.
- Bhí tástálacha fairsinge ann chun áisitheoireacht a dhéanamh ar thrádáil easportála €6,000,000 d'iasc beo agus d'iasc sliogánach go dtí ballstáit eile de chuid an AE agus go dtí tíortha eile, leithéidí an tSile.
- Reáchtáladh clár scagathóireacht éipidémeolaíochta ar iasc fráin i mBéal an Chreachaire, Contae Mhaigh Eo, maidir le leithlisíú ISAV sa dúthaigh sin le linn 2002. Ní leithlisíodh ISAV.
- Aimsíodh cás cliniciúil IPN i ngilidíní i ngorlann in iarthar na hÉireann i mí na Márta 2003. Scrúdaíodh breis is 600 breac tar éis don ghalair briseadh amach.
- Bhí ASÉ páirteach, mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach, ag iniúchadh cailteanas bhreac feirme i mBá Dhún na nGall i samhradh 2003. Níor aimsíodh aon phríomh-phaitigin éisc.

- Rinne ASÉ comh-mhaoirsiú ar thionscnamh dochtúireachta ar ghalair bhreallachán, i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Bunaíodh comhoibriú le ITBÁC chomh maith, le tionscnamh dochtúireachta ar an gcluais mhara agus ladhar tionscnamh ag scoláirí na ceathrú bliana.

Comhairle faoi Shláinte an Éisc:

Cuireadh comhairle orthu seo a leanas:

- An Roinn, Coimisiún an AE, OIE agus an tionscal, maidir le cur i láthar tuairiscí agus sonraí éipidémeolaíochta ar ráigeanna Bonamiosis i dhá dhúthaigh i gCo. Mhaigh Eo.
- An Roinn maidir le tiomsú agus aighneacht iarratais do Choimisiún an AE ar Rátháíocht Bhreise maidir leis na galair IPN, BKD, SVC agus *G. salaris*, faoi Airteagail 12 agus 13 de Threoir 91/67/EEC. Soláthraítear comhairle leanúnach chomh maith maidir le húsáid cógaisí tréidliachta, agus gluaiseachtaí éisc agus éisc shliogánaigh istigh sa tír, agus thar lear isteach chomh maith.
- Coiste Comhairleach na hÉireann faoi Shláinte an Éisc agus an Éisc Shliogánaigh (IFSHAC).
- An Roinn agus Coimisiún an AE (DG SANCO) ar dhréachtú Cinní an Choimisiúin maidir le sláinte an éisc agus an éisc shliogánaigh.
- Grúpa Oibre an ICES faoi Phaiteolaíocht agus Galair Orgánaigh na Mara.



Dr. Paul Connolly
STIÚRTHÓIR

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

Is mó dúshlán atá ar aghaidh Eolaíocht an Iascaigh i gcomhthéacs an titim leanúnach i stoc an éisc, leasú Chomhbheartas na hIascaireachta, agus méadú in imní an phobail mar gheall ar stádas acmhainní na mara.

Tá éileamh nua ann ar shonraí agus comhairle eolaíoch a bheadh níos fearr agus níos tráthúla. Is mó an bhéim a leagtar anois ar “chur chuige an éiceachórais”, a dhéanann staidéar ní hamháin ar leibhéal stoc éisc áirithe, ach ar na heilimintí eile san éiceachóras ina maireann siad: an timpeallacht fhisiciúil, stoc éisc eile, creachadóirí, creachaithe agus gréasán an bhia go ginearálta. Is réadúla an léargas a thugann an cur chuige idirdhisciplíneach seo ar thimpeallacht an iascaigh, ach is mó i bhfad na hacmhainní eolaíochta a éilítear chun é a chur i gcrích.

Ba bhliain dúbhlánach torthúil í 2003 do Sheirbhísí Eolaíocht an Iascaigh.

seirbhísí eolaíocht an iascaigh

- Reachtáladh an chéad Shuirbhé Idirnáisiúnta san Iarthar ar Iasc an Ghrinnill le Trálacireacht an Ghrinnill ar an RV Celtic Explorer. Bhí nádúr ildisciplíneach ag an suirbhé seo, a mhair 45 lá, agus i bpáirt le foireann an iascaigh, bhí foireann ghrinneall na farraige, grúpa fairitheoireachta míolta móra agus deilfeanna, agus foireann na haigéaneolaíochta. Creidimid go soláthróidh sé seo an eiseamláir dá leithéid de shuirbhéanna as seo amach.
- Reachtáladh suirbhéanna fuaimne chun measúnacht a dhéanamh ar stoc an scadáin ar chósta an Iarthuaiscirt agus sa Mhuir Cheilteach, ag úsáid an árthaigh thráchtála MFV Regina Ponti.
- D'éirigh linn teilifís faoi uisce a úsáid chun measúnacht a dhéanamh ar stoc Chloicheán Bhá Bhaile Átha Cliath (*Nephrops norvegicus*) timpeall Oileán Árann. I mí Lúnasa agus Meán Fhómhair, rinneadh suirbhé i gcomhpháirt idir Seirbhísí Eolaíocht an Iascaigh agus Roinn na Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe, Tuaisceart Éireann (DARDNI), agus dá bharr, cuireadh i gcrích an chéad shuirbhé le teilifís faoi uisce de stoc an *Nephrops* i n-Iarthar Mhuir Éireann.
- Uireadh tús le Tionscnamh na dTrosca Óg i gCloch Mhic Coisteala (Greencastle Codling Project), ag féachaint an éireodh le dúnadh séasúrach láithreacha na mbreac óg mar mhalairt de bheart bainistíochta don trosc. Is é an tionscal áitiúil iascaigh, atá ag comhoibriú go dlúth le heolaithe an Seirbhísí Eolaíocht an Iascaigh agus le BIM, a chur ar bun é.
- Reachtáladh roinnt suirbhéanna cois chladaigh don bhas óg, don phortán faoilinne, do dhébhlaoscaigh agus don ribe róibéis; ina measc bhí réamhniúchadh ar iascach na ruacan in Áth na gCasán, Co. Lú. D'oibrigh an Seirbhísí Eolaíocht an Iascaigh i gcomhpháirt le BIM ar staidéar clibeála agus athghabháil an Phortáin Rua san oirdheisceart.
- Príomh-chuspóir Sheirbhísí Eolaíocht an Iascaigh ná feabhas idirnáisiúnta a bhaint amach in Eolaíocht an Iascaigh. Le linn 2003, thóg ceathrar ball d'fhoireann Sheirbhísí Eolaíocht an Iascaigh na cathaoireacha ar Ghrúpaí móra Oibre de chuid ICES, chomh maith le hionad tioncharúil in oifig riartha an ICES. Léiríonn sé seo an fás atá ar cháil Fhoras na Mara mar ionad idirnáisiúnta feabhais in Eolaíocht na Mara.

Dr. Paul Connolly
STIÚRTHÓIR - Seirbhísí Eolaíocht an Iascaigh

Soláthraíonn Foireann Sheirbhísí Eolaíocht an Iascaigh measúnú, taighde, agus combairle ar úsáid inbhuanaithe acmhainní beo na mara i n-uisce na hÉireann. Is iad an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha príomh-chustaiméirí Sheirbhísí Eolaíocht an Iascaigh, agus an príomhról atá acu ná combairle eolaíochta a sholáthar chun fód a chur faoi chinntí bainistíochta.

MEASÚNÚ

Fuair Foireann Sheirbhísí Eolaíocht an Iascaigh maoiniú €1.6 milliún faoi Rialú an AE faoi Bhailiú Sonraí 1543/2000 (DCR) chun eolas a bhailiú mar gheall ar ghníomhaíocht loingis, fuilleach caite thar n-ais, líon, faid agus aois na mbreac a maraítear, suirbhéanna taighde agus stádas bitheolaíochta stoc an éisc sna huisc timpeall na hÉireann.

D'fhostaigh Seirbhísí Eolaíocht an Iascaigh samplóirí poirt ar chonradh, agus i dteannta baill foirne eile, thógadar samplaí de na bric a maraíodh sna poirt, ag comharchumainn na n-iascairí, i dtithe próiseála éisc, agus ar shuímh chantála timpeall an chósta. Na Teicneoirí i Measúnacht an Iascaigh bunaithe ag ionaid an Fhorais sna poirt sna Cealla Beaga, i Ros an Mhíl, i gCloch Mhic Coisteala, i mBaile Chaisleáin Bhéarra, i nDún Mór agus i mBinn Éadair, is iad a mheas an fuilleach caite thar n-ais.

Reáchtáil Seirbhísí Eolaíocht an Iascaigh dhá shuirbhé fuaimne agus suirbhé amháin ar iasc an ghrinnill le linn 2003, le 86 lá ag déanamh staidéar eolaíoch ar an bhfarraige. Rinne na suirbhéanna seo measúnacht ar stoc an scadáin amach ó Dhún na nGall agus sa Mhuir Cheilteach, agus rinne suirbhé cuimsitheach ar iasc an ghrinnill iniúchadh ar stoc an éisc ghil sna huisc timpeall na hÉireann go léir.



Is leis an Celtic Explorer a reáchtáladh suirbhé ar iasc an ghrinnill. Ba mhór an tairbhe don obair fuaimne é nádúr speisialta tostach an áirthaigh, go bhfuil innill díosail-leictreacha aici. D'fhág stuamacht an áirthaigh mar ardán oibre, mar aon lena seasmhacht ar an bhfarraige, go bhféadfaí an staidéar iomlán ar iasc an ghrinnill a dhéanamh in aon mhísean leanúnach amháin, seachas sraith de thurasanna beaga ar áirthaí difriúla, mar a tharlaíodh roimhe seo.

Úsáideadh modhanna nua feabhsaithe chun an sampláil a dhéanamh sna tástálacha le linn 2003. Rinneadh trialacha ar chineálacha nua trealamh iascaigh chun measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht, i dtéarmaí líon na mbreac maraíthe agus mar bhearta teicniúla caomhnóreachta dírithe ar ligean do na bric nach bhfuil ag teastáil éalú sula dtarraingeofaí aníos ar barr iad, ag laghdú dá réir líon na mbreac a chaithfí thar n-ais agus ag cur go suaithinseach le caomhnú stoc an éisc.

Le linn 2003 chomh maith, reáchtáladh dhá staidéar ar dhaoine Chloicheán Bhá Bhaile Átha Cliath (Nephrops norvegicus) ag úsáid teilifíse faoi uisce. Maireann Nephrops i bpoill sa ghaineamh phludach agus tá clú agus cáil ar na deacrachtaí a bhaineann lena gcomhairleamh in

anailísí ar a ndaonra. Le scannán ar ghrinneall na farraige ag ceantar iascaigh Nephrops, ag faire ar na hainmhithe agus ag comhairleamh na bpoill, féadfaidh na heolaithe teacht ar mheasúnú ar dhaoine atá i bhfad níos cruinne ná mar a gheobhaidís le modhanna traidisiúnta iascaigh.

Reáchtáladh dhá shuirbhé dá leithéid le linn 2003 - ceann amháin ar thalamh na gcloicheán amach ó Oileáin Árann, ag úsáid an Celtic Explorer, agus ceann eile i Muir Éireann, i gcomhpháirt le comhghleacaithe ó Roinn na Talmhaíochta agus Forbairt na Tuaithe, Tuaisceart Éireann.

Bhí Seirbhísí Eolaíocht an Iascaigh páirteach i 26 cruinniú idirnáisiúnta eolaíochta - le ICES, leis an gCoiste Eolaíoch Teicniúil agus Eacnamaíoch d'Iascaigh de chuid an AE (STECF), le Coimisiún an Iascaigh don taobh Thoir Thuaidh den Atlantach (NEAFC), agus le hAontas na hEorpa féin.

Bhí páirt lárnach ag na cruinnithe seo i ról Sheirbhísí Eolaíocht an Iascaigh ag cur comhairle eolaíoch ar an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus ar an AE. Tá géarghá le hobair ar an stáitse idirnáisiúnta i gcomhpháirt dlúth le saotharlanna náisiúnta eile.

Lean Seirbhísí Eolaíocht an Iascaigh orthu ag comhoibriú go dlúth leis an tionscal mar bhaill de Choiste Bainistíochta Peiligeach an Iarthuaiscirt, den Choiste Comhairleach faoi Iascach na Mara de chuid na Roinne, agus ar thionscnaimh taighde i gcomhpháirt agus ar bhonn ad hoc timpeall na bport nó ar an bhfarraige.

Caomhnaíodh cumarsáid leis an tionscal ar leibhéal ard le haistí i bpreas na trádála, le comhráite rialta le hionadaithe an tionscail, agus le freastal ar chruinnithe timpeall an chósta.

Coimeádadh eolas suas chun dáta go rialta ar leibhéal stoc éagsúil, chomh maith le gnéithe speiceas agus forbairtí nua i gcúrsaí iascaigh, ar shuíomh Fhoras na Mara, www.marine.ie

TAIGHDE

Is cuid ríthábhachtach d'Eolaíocht an Iascaigh é an taighde, agus thóg Seirbhísí Eolaíocht an Iascaigh roinnt tionscnamh taighde ar láimh a chur lena ról measúnachta agus comhairleoireachta, iad seo leanas san áireamh:

seirbhísí eolaíocht an iascaigh

Tionscnaimh PFN

I measc na staidéar iar-dhochtúireachta agus iar-chéime a maoiníodh faoi Bheart Taighde na Mara den Phlean Forbartha Náisiúnta agus a mhaoirsigh Seirbhísí Eolaíocht an Iascaigh, bhí taighde ar an tionchar a bhíonn ag sonraí faoi na bric a caitear ar ais ar mheasúnú agus ar bhainistiú stoc éisc timpeall na hÉireann; bitheolaíocht, dinimic agus iascach an cholmóra; éiceolaíocht larbhaí speicis áirithe éisc; samhlú agus macasamhlú dinimic stoc éisc; agus bitheolaíocht, dinimic agus iascach an fhaoitín ghoirm. Réachtáladh staidéar deisce ar na deiseanna a sholáthraíonn feirmeoireacht na feamnaí in Éirinn chomh maith.

Westher

Tionscnamh maoinithe ag an AE le sé cinn de pháirtnéirí in Éirinn, sa Bhreatain, agus sa Ghearmáin, a úsáideann modhanna bitheolaíochta seanbhunaithe agus nuálacha chun idirdhealú a dhéanamh idir stoic difriúla scadán timpeall chóstaí iarthar na hÉireann agus na Breataine.

EASE (European Advice System Evaluation)

Chun dáileadh oiriúnach acmhainní a aimsiú chun tacaíocht a thabhairt do bhainistíocht an iascaigh; chun cuíchóiriú a dhéanamh ar bhailiú sonraí atá riachtanach do Chomhbheartas na hIascaireachta; agus modhanna chun feabhas a chur ar iontaofacht agus áisiúlacht comhairle eolaíoch do bhainistíocht an iascaigh.

Mutfishare

Díríte ar chion a dhéanamh i dtógáil Cheantar Taighde Eorpach ar an iascach agus ar fheirmeoireacht an éisc agus ar thacú le Comhbheartas na hIascaireachta. Is é an príomh-chuspóir ná áisitheoireacht a dhéanamh ar chomhordú agus comhdhlúthú taighde sna réimsí seo laistigh den Chomhphobal.

Tionscnamh Clibeála an Troisc i gCloch Mhic Coisteala

An tionscal féin atá i mbun an tionscnaimh seo, i gcomhpháirt le Comharchumann Iascairí an Fheabhail, Cumann Iascairí na gCealla Beaga, Easportáil Éisc Chloch Mhic Coisteala agus BIM chun léiriú a dhéanamh ar athrú sa táirgeacht a thagann de bharr ceantar iascaigh dúnta go deonach agus patrúin ghluaiseachta an troisc ó iascach Chloch Mhic Coisteala.

Clibeáil an Phortáin

Tionscnamh i gcomhpháirt le BIM dírithe ar chuntas a choimeád ar ghluaiseachtaí an Phortáin Rua (*Cancer pagurus*) in iascach an oirdheiscirt.

COMHAIRLE

Ba léir arís an caighdeán ard i soláthar comhairle eolaíoch i bhfoilsíú Leabhar bliantúil an Stoic i mí na Samhna 2003 - foilsithe i bhformáid leabhair phriontáilte, CD agus ar shuíomh an Fhorais. Bhí an chomhairle ba dhéanaí sa leabhar ar na stoic ábharacha in Éirinn, agus b'acmhainn luachmhar é don Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha agus don tionscal sna comhráití éagsúla faoin iascach le linn chruinniú bliantúil Chomhairle an Iascaigh sa Bhrúiséal i mí na Nollag.

Bhí comhráití móra leis an AE le linn 2003 maidir leis na féidearthachtaí a bhain le deireadh a chur leis an gceantar caomhnaithe ar a dtugtar "Bosca na hÉireann". D'oibrigh Seirbhísí Eolaíochta an Iascaigh go dlúth leis an Roinn ar an gceist seo agus d'éirigh linn sonraí eolaíoch a sholáthar a chruthaigh gur timpeall na hÉireann atá cuid de na ceantair is tábhachtaí sceathraí agus naíonlainne do stoic éisc thráchtála sa taobh thoir thuaidh den Atlantach, ina measc:



- Ceantair mhóra sceathraí don mhaicréal, don ghabhar, agus don fhaoitín gorm ar chósta an iarthair;
- Ceantair mhóra sceathraí don cholmóir, don sciolltán agus don scadán ar chósta an deiscirt;
- Ceantair rithábhachtacha naíonlainne don scadán, don chadóg, don cholmóir, don fhaoitín, agus don sciolltán ar uisce na scairbheacha ar chóstaí an deiscirt agus an iarthair

Ba chuid lárnach an t-eolas seo den chás a rinne Éire ar leochaileacht bhitheolaíochta na farraige timpeall ar Éirinn, agus mar thoradh air, caomhnaíodh Bosca Caomhnaithe na hÉireann ar chóstaí an deiscirt agus an iarthair. Beidh an Bosca seo faoi réir ag réimsí iarrachtaí nua ar bhonn neamh-idirdhealaitheach agus ag bearta teicniúla éagsúla.

Bhí eolaithe de chuid Sheirbhísí Eolaíochta an Iascaigh páirteach i ngrúpaí oibre measúnachta de chuid an ICES, agus sholáthraigh siad eolas dóibh. Bhain na grúpaí le gach speiceas tábhachtach, ina measc an cholmóir, an bráthair, an sciolltán, stoic ghrinnill ar scairbheacha an tuaiscirt agus an deiscirt, an scadán, an faoitín

gorm agus faoitín peiligeach an tuaiscirt, an maicréal, an gabhar, an sairdín agus an t-ainseabhaí, Nephrops, an bas agus an portán. Freastalaíodh chomh maith ar ghrúpaí oibre ar shuirbhéanna uibhe na maicréal agus na ngabhar, suirbhéanna fuaime agus ón aer don mhaicréal, pleanáil suirbhéanna fuaime don fhaoitín gorm, trealamh suirbhéireacht trálaera, marú tráchtála, méid caite thar n-ais, agus sampláil bhitheolaíochta, agus an Grúpa Oibre do Shuirbhéanna Idirnáisiúnta Thrálaeireacht an Ghrinnill.

Chuir Seirbhísí Eolaíochta an Iascaigh páipéir eolaíochta i láthair chomh maith ag Comhdháil Bhliantúil na hEolaíochta de chuid an ICES i gCóbhanávan, agus ag ceardlann an FAO ar mheasúnú stoc éisc san uisce doimhin sa Nua-Shéalainn.



Ken Whelan
STIÚRTHÓIR

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

Ba é buaicphointe 2003 d'fhoireann an ACMS ná oscailt an ionaid nua taighde i mBaile Uí Fhiacháin ag an Aire Ahern ar 13 Meitheamh. Tá ionad taighde iascaigh agus feirmeoireacht éisc ar chaighdeán domhanda i mBaile Uí Fhiacháin anois, ag tacú le réimse leathan oibre bainteach le bradán fiáin, feirmeoireacht an éisc, iascach intíre, agus taighde timpeallachta agus hidreolaíoch. I measc na dtionscnamh móra eolaíochta agus bainistíochta bhíodar seo leanas:

- Fuarthas deimhniú tacaíochta ón AE don tionscnamh €4m AquaReg faoi fheirmeoireacht an éisc agus bainistíocht chomhdhlúite cheantair an chósta. Seoladh an tionscnamh i mí Lúnasa ag taispeántas trádála AquaNor i dTrondheim, an Iorua, agus in Éirinn i mí na Samhna ag Bradán, comhdháil fheirmeoireacht an éisc.
- Foilsíú 30 tuairisc agus páipéar eolaíochta ag an bhfoireann, cuid mhaith acu i n-irisí athbhreithnithe ag comhghleacaithe. Bhí staidéar suaithinseach amháin ann, a scrúdaigh tionchar dhúchas na mbradán feirme ar an stoc fiáin, agus is mar seo a rinne duine de na géineolaithe is mó le rá san Eoraip cur síos air: "Seminal and one of the most important field studies on the genetics of salmonids carried out to date" (féach Aguisín 4).

seirbhísí feirmeoireacht an éisc & bainistiú na ndobhaircheantar

- Bhí baint mhór ag ACMS i rith na bliana chomh maith le hullmhú tuairiscí agus comhairle ar bhainistiú stoic na mbradán fiáin agus na n-eascann.
- Reáchtáladh 424 scrúdú do mhíolta éisc ar bhric fheirme d'fhine na mbradán ar feadh chósta an iarthair. Bíodh is nár léir aon difríocht shuaithinseach i líon meánach na míol mbaineann le huibhe in aghaidh an bhric i gcomparáid le 2002, tá claonadh in airde in aghaidh na mblianta ó 2001 i leith.
- Reáchtáladh roinnt clár taighde i gcógaistí nuálacha i gcoinne míolta éisc agus staidéir ar dhinimic an inmhíolaithe i stoic feirme agus fiáine.
- Reáchtáladh athbhreithniú mór ar Bhainistiú Bánna Singile i ngach bá sa tír, le 16 chruinniú áisithe ag Foras na Mara ar feadh chósta an iarthair.
- Rinneadh monatóireacht timpeallachta agus fiteaplanctóin ar sé cinn de shuímh faire feirmeacha éisc le breis is 400 sampla fiteaplanctóin tógtha agus tuairiscí achoimre curtha le chéile gach seachtain.
- Sholáthair an Foras uibhe súileacha do Chlár Athshlánaithe na mBradán sa Réin agus chomhordaigh sé díolachán 750,000 ubh bradáin leis an nGearmáin.
- Leanadh le clár thábhachtacha mhonatóireachta ar an timpeallacht agus ar an iascach i mBuiríos Umhaill agus in iarthuaisceart Mhaigh Eo.

Dr Ken Whelan

STIÚRTHÓIR - Seirbhísí Feirmeoireacht an Éisc agus Bainistiú na nDobhaircheantar

Tarraingíonn Foireann Feirmeoireacht an Éisc agus Bainistiú na nDobharcheantar seirbhís rithábhachtacha i mbainistiú inbhuanaithe feirmeoireacht an éisc agus acmhainní na ndobharcheantar fíorúisce.

SEIRBHÍÍ FEIRMEOIREACHT AN ÉISC

Bainistiú Bánna Singile

Le linn 2003, rinne Foras na Mara áisitheoireacht ar 16 chruinniú i mbánna a tháirgíonn iasc ar feadh chósta an iarthair, agus mar thoradh air sin, bhí athbhreithniú mór agus plean leasaithe bainistíochta do gach bá acu. Clúdaíonn siad pleananna timthriall táirgíochta a shonraíonn roinnt ghlúine an éisc agus suíomhanna a fhágáint díomhaoin chun cabhrú le smachtú galar agus parasítí.

Taighde i Míolta Éisc

I measc na gcláracha taighde i míolta éisc a rinne an Foras le linn 2003 bhí fiosrú cóiréalacha nua, staidéar ar dhinimicí inmhiolaithe i mbric fhiáine agus feirme, agus bitheolaíocht na míolta.

Monatóireacht na Míolta Éisc

Le linn 2003, reáchtáladh 424 scrúdú do mhíolta éisc ar bhric fheirme d'fhine na mbradáin ar feadh chósta an iarthair. Ní raibh aon difríocht shuaitheasach i meán na míol mbaineann le huibhe in aghaidh an bhric a taifeadh i gcóir 2003 agus 2002 (fig. 1).



Ach tá méadú beag le tabhairt faoi ndeara i luach meánach na míol móibíleach i mí Bealtaine. Léiríonn an claonadh bliantúil méadú i líon na míol (idir na cinn le huibhe agus na cinn mhóibíleacha go hiomlán fig. 1&2) ó dheireadh an earraigh ar aghaidh. Tá teocht na farraige agus fadhbanna shláinte an éisc i measc na bhfachtóirí a fhéadfadh a bheith bainteach le líon ginearálta na míol i gcóir 2003.

Smachtaíodh líon na míol ar na bradáin óga le linn 2003 i ngach bá le linn an earraigh. Lasmuigh den tréimhse seo, ní bhfuarthas líon os cionn 2.0 míol baineann le huibhe in aghaidh an bhric ach dhá bhabhta.

Bhí líon na míol ar an mbreac dea-dhathach go híseal go ginearálta tríd an mbliain. Bhí ceithre shuíomh le stocáil na mbreac dea-dhathach le linn 2003. Tugadh 33 cuairt go hiomlán ar na feirmeacha. Ní bhfuarthas líon míolta os cionn leibhéal truíceartha na cóireála ach le linn dhá scrúdú i rith na bliana.

MONATÓIREACHT NA TIMPEALLACHTA

Cuireadh tús le clár monatóireachta an teochta i bhfeirmeacha éisc ar chósta an iarthair le linn 2002, agus faoi 2003, bhí tóireadóirí teochta lonnaithe ar fiche suíomh. Bailíodh na sonraí as na tóireadóirí seo agus rinneadh cothú orthu ar bhonn míosúil.




Fig 1: Líon meánach i mí Bealtaine (SE) de L. salmonis le huibhe ar aon bhradáin farraige / geimhrídh amháin.




Fig 2: Líon meánach i mí Bealtaine (SE) de L. salmonis móibíleach ar aon bhradáin farraige / geimhrídh amháin

MONATÓIREACHT PLANCTÓIN

Tógadh os cionn 400 sampla fiteaplanctóin le linn scrúdaithe do mhíolta éisc ar shuímh feirmeacha éisc cos chladaigh agus amach ón gcósta. Ansin chuirtear le chéile tuairiscí a choimre seachtainiúla agus chuirtear ar aghaidh iad le facs nó r-phost go dtí na feirmeoirí a bhí i gceist. Sa chás gur aithníodh speicis fhiteaplanctóin díobhálacha, chuirtear ar aghaidh tuairiscí láithreach go dtí na feirmeacha agus tréidlianna éisc. I mí Deireadh Fómhair 2003, reáchtáladh réamhniúchadh ar zóplanctón trioblóideach san iardheisceart. Sampláladh ceithre shuíomh do láithreach an siphonophore *Muggiea atlantica*, a fuarthas ar gach suíomh a tástáladh, ach ar dhlús íseal.

TÓGÁIL

Lean an Foras air ag soláthar uibhe súileacha do Chlár Athshlánaithe na Réine agus rinne an Foras comhordú ar dhíolachán 750,000 ubh leis an nGearmáin. Ba chuid de chlár leanúnach chun measúnacht a dhéanamh ar vacsaín Norvax mono PD é bradáin óga Albanacha a aistriú go cásanna i mí na Márta 2003. Sa táirgiú iomlán a rinneadh ar bhaill d'fhine na mbradán le linn 2003 bhí 850,000 ubh bradáin, 126,000 maighreán bradáin, 120,000 bradán óg d'fheirmeoireacht agus do rainséireacht, agus 8,700 breac dea-dhathach i gcóir stocála i mBaile an Locha.

seirbhísí feirmeoireacht an éisc & bainistiú na ndobhaircheantar

TAIGHDE DOBHAIRCHEANTAR AGUS IASCAIGH AN FHÍORUISCE

I dteannta na glár lárnach i gceantar Bhuiríos Umhaill, bhí páirt ag ACMS sna cinn seo leanas:

- Measúnacht ar bhaol víreas ISA ar bhreac geal fiáin i mBéal an Chreachaire, Co. Mhaigh Eo.
- Meastacháin ar dhaoine na mbreac óg d'fhine na mbradán i n-aibhneacha i dtuaisceart Chontae Mhaigh Eo thar cheann Bhord Iascaigh Réigiún an Iarthuaiscirt.
- REDCAFE: tionscnamh creachadóireachta ag déanamh staidéir ar eolas faoi láthair mar gheall ar idirghníomh idir an fiach mara agus an t-iascach agus ag aithint slite chun aighneas a mhaolú idir lucht caomhnóireachta agus leas an iascaigh.
- SALIMPACT: measúnú ar thionchar feirmeoireacht an éisc ar ghéinte freagracht imdhíonachta (príomhchoimpléacs histea-chomhoiriúnachta, nó MHC) i ndaoine nádúrtha d'fhine na mbradán.
- CLIME: réimse modhanna agus samhlacha a fhorbairt a úsáidfidh chun measúnacht a dhéanamh ar thionchar an uain faoi láthair agus le teacht ar locha agus a ndobhaircheantair i bpáirt le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Córas Innéacs Bhuiríos Umhaill

Tá dhá ghaiste éisc á oibriú ó 1958 agus 1970 fá seach. Déanann siad monatóireacht ar ghluaiseacht na n-eascann agus na mball d'fhine na mbradán go léir, idir óg agus fásta, síos suas an abhainn. Baintear úsáid leathan as na sonraí ón ionad go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta (ICES, EIFAC, NASCO). Rinneadh monatóireacht éisc go leanúnach le linn 2003. In Aguisín 5, tugtar comhaireamh le sruth agus ina aghaidh, le sonraí ó 2002 chun comparáid a dhéanamh.

Taifeach ard na ionstraimíochta agus éadail na sonraí i ndobhaircheantar Bhuiríos Umhaill, d'áisigh sé roinnt staidéar hidreolaíochta a fhiosraigh an caidreamh idir bháisteach, sreabhadh srutha agus iompar dríodair ar fuaidreamh. Cabhróidh torthaí na staidéar seo le mioncheartú na gcleachtas atá ann faoi láthair i gcoilltí agus i n-úsáideanna eile talún.

AN BRADÁN

Ba é 6.5% ráta fillte na liathán fiáine go Buiríos Umhaill i 2003. Bhí sé sin níos ísle ná an ráta 9.9% a bhí ann i 2002, nuair a bhí fliuchras agus stoirmeacha ann; b'fhéidir gur ísligh an aimsir sin an marú i líonta srutha, agus gur sholáthair sé flúirse uisce do na bric ag dul isteach san fhíoruisce. Tá tréithchineál rainse Bhuiríos Umhaill agus grúpaí trialacha san áireamh i líon iomlán fillte na mbreac feirme.

Dob é 7,248 líon na mbradán óga fiáine a d'imigh le sruth le linn 2003, íslíú ó 8,687 i 2002. An líon ba mhó de bhradán óga a taifeadh ag Buiríos Umhaill le blianta beaga anuas ná 9,588 i 1988.

Tá méadú suaithinseach ar líon na mbradán óg ag teacht isteach san abhainn i mBuiríos Umhaill ó lár na 1990í nuair a cuireadh iachall ar iascairí don chéad uair taifead a chur isteach ar na bradán fhiáine go léir a mharaigh siad.



Coimisiún Náisiúnta na mBradán

Le linn 2003, don chéad uair riamh, rinneadh meastúchán ar stoc na sceathraí ba ghá do gach gnáthóg ionrochtaine abhann in Éirinn. Cuireadh le chéile riachtanais gach abhainn i ngach ceantar chun meastúchán a fháil ar riachtanais sceathraí do gach ceann de na 17 Ceantar Iascaigh an Bhradáin. Ó 1997 i leith, níor bhain ach cúig cinn de na 17 gCeantar amach a dteorainneacha caomhnaithe go hiomlán, agus tá sé cinn acu nach mbaineann amach ach leathchuid a riachtanais sceathraí.

Críochnaíodh tuairisc an Chláir Náisiúnta do Chlíbeáil le Sreanga Códáilte agus Athghabháil Clibeanna 2002 agus scaipeadh é le linn Lúnasa 2003. Bunaíodh an tuairisc seo ar bhreithniú 77,000 bradán i 2002 le hathghabháil agus próiseáil os cionn 7,000 clib. Críochnaíodh clibeáil na mbradán óg do 2003 (ag fillleadh i 2004 agus na blianta dár gcionn) i mí na Márta 2003 chomh maith. Cuirfidh sé seo go mór leis an eolas atá á chruthú ag áiritheoirí an éisc. Tá sampláil leanúnach ar siúl ar mharú tráchtála na mbradán a clibeáladh ina mbradán óga agus a scaoileadh saor le linn 2002 (ag fillleadh 2003).

ÁIRITHEOIRÍ AN ÉISC

Fíoraíodh áireamh na mbreac ar 15 shuíomh le linn 2003 agus bhí teacht ar na sonraí ar bhonn míosúil ó shuíomh gréasáin an áiritheora.

AN BREAC GEAL

D'fhan líon na mbreac geal ar imirce in aghaidh srutha trí na gaistí íseal i gcóras Bhuiríos Umhaill. Líon iomlán 78 breac geal (76% fionnóg) agus 40 breac neamh-ghealaithe a áiríodh an sruth thuas, rud a fhág an t-éalú sceathraí is ísle a taifeadh riamh.

AN EASCANN

Leanadh ar aghaidh i 2003 le soit speisialta na sonraí faoi imirce le sruth na n-eascann geal, le háireamh laethúil, gnéas na n-eascann, toirt, agus pátrúin imirce san áireamh; áiríodh 3,919 eascann. An clonadh síos i líon na n-eascann a maraítear atá le tabhairt faoi ndeara ar fuaid na hEorpa, níl sé tugtha faoi ndeara i mBuiríos Umhaill.



Michael Gillooly
STIÚRTHÓIR

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

I mbliana, bunaíodh Seirbhísí Eolaíocht na Mara, le dhá rannóg, Oibríochtaí na nÁrthach Taighde a bhí ann cheana, agus Seirbhísí Suirbhé Ghrinneall na Farraige agus Aigéaneolaíochta, bunaithe go nua. Rinneadh mórán oibre i bpleanáil agus in earcaíocht i rith na bliana dá réir, chomh maith le soláthar réimse leathan seirbhísí. Bhí na rudaí seo leanas i measc na mbuaicphointí:

- Cóiríú agus coimisiúnú rathúil an Celtic Explorer d'oibríocht ag tosú i mí Aibreáin 2003, tar éis dó a bheith seachadta i mí na Nollag 2002.
- Soláthar rathúil an sceidil don Celtic Explorer ó Aibreán go Nollaig.
- Soláthar rathúil an chláir don Celtic Voyager i gcóir 2003.
- Feabhas ar sholáthar seirbhísí de bharr cur i gcrích córas leasaithe do phleanáil suirbhéanna.
- Comhaontú Leibhéal Seirbhíse dréachtaithe do sholáthróir tacaíochta teicniúla.
- Méadú ar sheachadadh seirbhísí grúpa comhdhlúite tras-earnálacha agus idir-sheirbhís, árthaí, fearas agus taithí ina measc.

seirbhísí eolaíocht na mara

- Ullmhú agus seachadadh rathúil Chlár Suirbhéireacht Ghrinneall na Farraige, ag tabhairt san áireamh planáil mhór theicniúil, earcaíocht, agus conrú seirbhísí seachtracha chun go bhféadfaí tosú le suirbhéireacht ag deireadh Aibreáin.
- Pleananna a fhorbairt do réimse tionscnamh breisluacha agus cúntacha i Suirbhé Náisiúnta na hÉireann ar Ghrinneall na Farraige.
- Lonnú an ceathrú baoi sonraí aimsire ag an Celtic Explorer amach ó chósta an iarthuaiscirt agus planáil chun an cúigiú baoi a lonnú i nGréasán Náisiúnta na mBaoithe Sonraí Aimsire.
- Pleanáil i gcomhair forbairt seirbhísí feabhsaithe i gclár na mbaoithe sonraí (pálasta méadaithe ionstraimíochta, seirbhísí bainistíochta sonraí eolais, seirbhísí bunaithe ar an ngréasán, srl).
- Tosú le hathbhreithniú ar chumas samhailteoireacht mara náisiúnta agus measúnacht ar riachtanais inmheánacha chun áisitheoireacht a dhéanamh ar phleanáil do shamhailteoireacht i 2004.
- Bainistíocht feabhsaithe ar stór fearas agus feabhas ar chalabrúchán agus cothú fearas.
- Feabhas ar na córais chartlainne agus ar sholáthar seirbhísí eolais, sonraí faoi árthaí ar siúl san áireamh.

Is ar thógáil cumais a bhí an bhéim le linn 2003, rud a sholáthródh seirbhísí comhdhlúite le himeacht na haimsire d'fhormhór na riachtanais oibre a bheadh ag taighdeoirí mara go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Tá dul chun cinn mór déanta, agus, le hinfrastruchtúr agus cumas suathinseach bunaithe, tá sé i gceist go leanfaidh an tseirbhís air ag leathnú agus ag feabhsú.

Michael Gillooly
STIÚRTHÓIR - Seirbhísí Eolaíocht na Mara

Is ar fhoireann Oibríochtaí na nÁrthach Taighde atá an fhreagracht as bainistiú, forbairt agus cur chun cinn an dá árthach taighde atá ag Foras na Mara, Celtic Voyager agus Celtic Explorer. Is í an aidhm atá againn ná árthaí Fhoras na Mara a bhainistiú i slí sábháilte proifisiúnta, éifeachtúil ó thaobh costais, ag tacú le cur i gcrích chlár náisiúnta na mara i dtaighde agus monatóireacht straitéiseach.

Bhí Foireann Oibríochtaí na nÁrthach Taighde páirteach sna gníomhaíochtaí seo leanas le linn 2003:

- Oibriú agus cur i gcrích na gclár suirbhéireachta go léir i sceideal 2003 don Celtic Explorer agus don Celtic Voyager
- Idirchaidreamh a dhéanamh thar cheann an Fhorais le soláthróir na seirbhísí, MTDS Ltd., agus le húsáideoirí na n-árthach
- Forbairt Chomhaontú Leibhéal Seirbhísí idir Fhoras na Mara agus soláthróir na seirbhísí
- Idirchaidreamh a dhéanamh le Clós Árthaí Damen faoi cheisteanna a aithníodh le linn na tréimhse 12 mhí go raibh barántas ar an Celtic Explorer
- Féachaint chuige gur glacadh cur chuige “luach ar airgead” i ngach cúram bainteach le hoibriú na n-árthach



Buaicphointe 2003 ná coimisiúnú an Árthaigh Thaighde nua, an Celtic Explorer, a shroich Foras na Mara i mí na Nollag 2002. Ceann de na príomhghníomhaíochtaí le linn an chéad ráithe de 2003 ná féachaint chuige go raibh an t-árthach agus na córais trealaimh go léir a bhí ar bord go hiomlán oibríoch sule dtosaíodh leis an suirbhéireacht i mí na Bealtaine. Cuireadh tús le próiseas cuimsitheach “shakedown”. Bhí réimse de thrialacha mara i gceist leis seo chun na hoibríochtaí éagsúla suirbhéireachta a chlúdach go bhfuil an t-árthach deartha chun iad a dhéanamh le linn gnáth-oibríocht suirbhéireachta. Bhí sraith de thrialacha agus calabruithe diana i gceist leis na trialacha mara ag féachaint chuige gur oibrigh na córais go léir ar bord - meicniúil, leictreonach, fuaimneach agus ionstraimíocht eolaíoch - do réir sonraíochtaí an déantúsóra. Le linn an tréimhse seo, tástáladh fearais agus líonta na samplála go léir a úsáidtear le linn suirbhéanna hidreagrafacha, geofisiceacha, muireolaíochta agus iascaigh.

Tar éis tréimhse an “shakedown”, cuireadh an Celtic Explorer ag obair sa taighde agus sa mhonatóireacht seo leanas, a chlúdaigh 236 lá ar an bhfarraige le linn 2003: Suirbhé Náisiúnta Ghrinneall na Farraige, Suirbhé Muireolaíoch, Suirbhé Idirnáisiúnta Thrálaireacht an Ghrinnill, Suirbhé Fuaimneach na Scadán agus Ionú Baoi Sonraí Aimsire.

Thug cláracha suirbhéireachta an Celtic Voyager í timpeall chóstaí thoir theas agus thiar na hÉireann le linn na 184 lá a thug an t-árthach ar an bhfarraige le linn 2003. I measc na gclár seo, gur cuid iad d’fhreagarthacht Fhoras na Mara i leith taighde agus monatóireacht mara, bhí na cinn seo leanas: Monatóireacht Bhliantúil na gCothaitheach, Suirbhéanna Ubh agus Larbhaí, Suirbhéanna Iasc an Ghrinnill, Lonnú Baoithe Aimsire, agus Suirbhéanna Muireolaíochta. Tá an Celtic Voyager tar éis páirt a ghlacadh chomh maith, fara le hinstitiúidí taighde agus ollscoileanna eile, i réachtáil clár traenála na mac léinn, i sampláil fiteaplanctóin, agus in iniúchadh i ndáileadh algaí díobhálacha, monatóireacht raidhgníomhach, agus sampláil bheantach faoin Treoir Chreatlaí faoin Uisce.

SUIRBHÉ AR GHRINNEALL NA FARRAIGE 2003

Bhí foireann suirbhéireachta ghrinneall na farraige gníomhach leis na tionscnaimh seo leanas le linn 2003:

- Suirbhé Náisiúnta Ghrinneall na Farraige, Zón 2 - R.V. Celtic Explorer
- Suirbhé Náisiúnta Ghrinneall na Farraige, Mór-bhá Bhaile Átha Cliath - Celtic Voyager
- Calabúchán UKHO ar an Celtic Voyager
- Clár Measúnachta ar Stoc Iasc an Ghrinnill in Éirinn

Cuireadh le chéile foireann suirbhéireachta ghrinneall na farraige i rith na bliana, agus thosaíod ar ag obair ar Zón 2 de Shuirbhé Náisiúnta Ghrinneall na Farraige i mí Bealtaine 2003, ag baint úsáide as an Celtic Explorer mar ardán suirbhéireachta.

Bhí plean na suirbhéireachta do 2003 leagtha síos roimh ré ag Suirbhé Geolaíoch na hÉireann (GSI). Rinne an t-árthach suirbhéireacht chórasach ón gcuid ba shia siar ó thuaidh de Zón 2, ag imeacht ó dheas do réir a chéile i dtreo Chionn Mhálanna, ar chósta Dhún na nGall. Rinneadh suirbhéireacht ar 33,602 ciliméadair líne go hiomlán, a chlúdaíonn ceantar 10,028 km².

seirbhísí *eolaíocht na mara*

Is é sondálaí na macalláí il-léasúla a sholáthair príomh-shoit na sonraí, agus cuireadh breis le sonraí bataiméadracha le sondálaí na macalláí aon-léasúla il-mhínicíochta. Taifeadh sonraí domhantarraingthe agus maighnéadaiméadair chomh maith, agus léarscáilíodh na gnéithe éadoimhne dromchla geolaíochta ag baint úsáide as córas clingire 3.5kHz. Sholáthair Fugro HP DGPS pointí cruinne ionaid. Tá obair ar siúl faoi láthair ar phleanáil suirbhéireachta 2004, go mbeidh sraith de thionscnaimh bhreise chúntacha mar chuid de.

Reáchtáladh suirbhé Bhá Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2003 ón Celtic Voyager. Taifeadh 201 km² de shonraí suirbhéireachta go hiomlán thar thréimhse an tsuirbhé. Arís, is é an córas il-léasúil a sholáthair príomh-shoit na sonraí agus bailíodh na sonraí go léir do réir na sonraíochtaí leagtha síos do Shuirbhé Náisiúnta Ghrinneall na Farraige. Fíoraíodh soit na sonraí chun go nglacfaidh UKHO leo le críochnú rathúil calabúcháin chiúbaigh i mí na Nollag 2003.

Ó Dheireadh Fómhair go dtí Nollaig 2003, bhí foireann suirbhéireachta ghrinneall na farraige páirteach i gcuid na hÉireann de Shuirbhé Bliantúil Idirnáisiúnta Iasc an Ghrinnill le Trálaeireacht Ghrinnill. Bhíothas ag súil go gcabhródh na sonraí il-léasúla le pleanáil thrálaeireacht an lae dár gcionn, le cinntiú codanna den ghrinneall oiriúnach d'anailís le sonraí bataiméadracha agus cúlscáipthe. D'éirigh leis seo, agus ar an meán, aithníodh dhá shuíomh bhreise gach oíche, rud a chabhraigh le pleanáil suíomhanna trálaeireachta agus bailiú breis eolais a chuirfí isteach i mbanc sonraí Shuirbhé Náisiúnta Iasc an Ghrinnill.

FOIREANN SEIRBHÍSÍ NA HAIGÉANEOLAÍOCHTA

In 2003 lean Foireann Seirbhísí na hAigéaneolaíochta orthu ag soláthar tacaíocht aigéaneolaíochta ar chaighdeán ard do ghrúpaí bainteach le Foras na Mara, leithéid iascaigh mhara, bainistiú timpeallachta agus feirmeoireacht éisc d'fhorais seachtracha, agus muintir na hÉireann go ginearálta. San áireamh anseo bhí soláthar sonraí ó na háirde taighde agus baoithe aimsire chomh maith le híomhánna satailíte agus aschur samhlaíochtaí mara a chabhródh le heolaithe, le bainisteoirí agus le múnlaitheoirí polasaithe timpeall na hÉireann.

Gréasán Bhaoithe Sonraí na hÉireann

Tá cúig cinn d'ardáin faire, amach ón gcósta, i ngréasán bhaoithe sonraí na hÉireann, agus sholáthair siad tomhais aimsire agus aigéaneolaíochta fíora ó áiteanna mórtimpeall chósta na hÉireann do Mhet Éireann agus don phobal go ginearálta i 2003. Úsáideadh an t-eolas chun tuar na haimsire a fheabhsú agus chun eolas níos sonraíthe a sholáthar do mhairnéalaigh timpeall ár gcósta. Is féidir teacht ar a thuilleadh faoi chúlra ghréasán na mbaoithe sonraí ag www.marine.ie/databuoy.

Stóras Fearais Mara




Coimeádadh méadair shrutha agus próifileoirí, tóireadóirí teochta / salandachta, córais CTD tonnúil tarraingthe, agus fluairiméadair le cur amach ar cíos d'úsáideoirí i bhForas na Mara, sa tionscal, agus i gcóir taighde tríú leibhéal.

Tá a thuilleadh eolais le fáil faoi stóras na bhfearas ar shuíomh an Fhorais:

www.marine.ie/rnd+facilities/marine+institute+facilities/equipment+pool/default1.htm

Soláthar Seirbhís Sonraí Eolais

Is mó grúpa agus eagraíocht seachtrach a lorg sonraí eolais ó áirtheaí taighde Fhoras na Mara in 2003, chomh maith le soiteanna stairiúla sonraí atá cheana i mbainc shonraí de chuid Fhoras na Mara.



Freagairt Éigeandála Mara

Le linn 2003 reáchtáladh sampláil agus anailís muireolaíoch ar imeachtaí timpeallachta mar a bhí ar an éisc i mBá Inbhir, Dún na nGall, a chabhraigh le soiléiriú na bpróiseas a bhí i gceist. Tá sé riachtanach a leithéid d'imeachtaí a thuiscint chun réamhinsint a dhéanamh orthu agus iad a bhainistiú sa toadhcháif.

Mórchláir mara agus uain

Féachadh chuige go gcuirfí sonraí an eolais go léir a bailíodh ó áirtheaí nó ó ardáin le Foras na Mara ar fáil do mhórchláir mara agus uain. Tá géarghá lena leithéid de chláracha chun réamhinsint feabhsaithe a dhéanamh ar athrú uaine agus tionchar tubaistí timpeallachta.

Tacaíocht d'Áirtheaí Taighde na hÉireann agus Suirbhé Náisiúnta Ghrinneall na Farraige

Le linn 2003, bhí freagarthacht ar Fhoireann Sheirbhísí na hAigéaneolaíochta as bailiú, cartlannú, agus próiseáil na dtomhas lárnach aigéaneolaíoch go léir a rinneadh aon uair a d'fhág áirtheaí an Fhorais an port.



Cianbhrath Satailíte agus Optaic na Mara

Is féidir le heolas satailíte íomhánna teochta agus dathanna na farraige a sholáthar i bhforam, nach mór, agus tá tairbhe mór le baint as sin i bpleanáil clár crúsóra agus ag treorú taighde. Le linn 2003, rinne Foireann Sheirbhísí na hAigéaneolaíochta réimse leathan den sórt sin íomhánna a bhailiú, a phróiseáil, agus a chartlannú, i dtaca le taighde éagsúil na hÉireann i gceantair ár gcósta.



Yvonne Shields
STIÚRTHÓIR

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

Sa bhliain 2003 bhunaigh an Foras réimse nua seirbhísí - Seirbhísí Phleanáil agus Forbairt Straitéiseach, cuíchoiriú ar cuid de na seirbhísí a bhí againn cheana agus méadú ar a thuilleadh acu i sé rannóg. Rinneadh dul chun cinn substaintiúil i ngach réimse, agus cuireadh tús le mórán tionscnamh agus comhpháirtíochtaí nua, agus rinneadh measúnacht ar dheiseanna nua. Bhí na rudaí seo leanas i measc na mbuaicphointí:

- Is é Foras na Mara a bhí sa chathaoir don ghrúpa oibre CREST de chuid an AE faoi 'Mutual Opening of Member States Research Programmes in Marine Science', a mhol go mbunófaí Gréasán Eorpach de Limistéir Taighde Mara (ERA-Net). Cuireadh isteach aighneacht tionscnaimh ina dhiaidh sin go dtí Coimisiún an AE, agus d'éirigh leis.
- Bhain páirtithe Éireannacha in earnáil an tríú leibhéal amach maoiniú suaithinseach sna cláracha FP6 agus INTERREG a ceadaíodh le déanaí le tacaíocht Rannóg na gCláracha Idirnáisiúnta.
- Sa chéad bhliain dó, láimhsigh an tSeirbhís nuabhunaithe Idirchaidreamh leis an Tionscal os cionn 100 fiosrú, chabhraigh sé le 46 SME agus iad ag ullmhú iarratais ar mhaoiniú Forbairt agus Taighde, agus bhainistigh sé cur i bhfeidhm 12 thionscnamh tionsclaíoch faoi bhun Chlár Tionsclaíoch TTFN na Mara de chuid an Fhorais.

seirbhísí phleanáil & forbairt straitéiseach

- Chuir Rannóg Theicneolaíocht na Mara tús le sraith staidéar priairithe chun measúnacht a dhéanamh ar dheiseanna ar a thuilleadh forbairt agus infheistíocht T&F i bhFuinneamh na Mara, Bíteicneolaíocht, agus Ard-Theicneolaíochtaí Cumarsáide agus Eolais. Cabhróidh torthaí na staidéar seo le forbairt chláracha nua sna réimsí seo le linn 2004.
- Thóg an ESRI ar láimh measúnú mór ar pháirtíocht agus ar chaiteachas náisiúnta in earnáil thurasóireacht na mara, de chois ag suirbhé an-rathúil i 1996. Láimhsigh Brady, Shipman agus Martin staidéar eile thar cheann an Fhorais faoi phoitéinseal Earnáil Chaitheamh Aimsire na Mara a chion féin a dhéanamh in athbheochan na bPort agus na gCuanta Beaga. Foilseofar an dá staidéar i 2004.
- D'éirigh leis an bhForas maoiniú a aimsiú ó Chiste Sochaí an Eolais do réimse tograí faoina dTionscnamh Stór an Eolais. Le linn 2003, críochnaíodh tionscnamh mór tábhachtach dár guid, Catalóg na Sonraí Ar-Líne, a chruthaíonn aon áit amháin chun na sonraí go léir in eolaíocht na mara atá i dtaisce in Éirinn a aithint agus a fhiosrú.
- Rinneadh dul chun cinn suaithinseach i seachadadh seirbhísí Theicneolaíocht an Eolais don fhoireann, le seoladh deasc cabhrach TE ar-líne, uasghrádú infrastruchtúir theicniúil, agus tabhairt isteach cláracha breátha nua d'earraí boga.
- Is i bpáirtnéireacht ghníomhach le háisínreachtaí eile, le grúpaí eile tríú leibhéal, agus leis an earnáil phríobhaideach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a cuireadh i gcrích clár oibre Sheirbhísí Phleanáil agus Forbairt Straitéiseach.

Yvonne Shields
STIÚRTHÓIR - Seirbhísí Phleanáil agus Forbairt Straitéiseach

RÉAMHTHUISCINT AGUS PLEANÁIL

Is feidhmeannas nua a bunaíodh faoi SPDS in 2003 Foireann na réamhthuisceana agus na Pleanála, agus is é an ról atá acu ná ceannasaíocht a dhéanamh ar iarrachtaí an Fhorais sa réimse, ina measc, treonna agus deiseanna i dTaighde, Teicneolaíocht, Forbairt agus Nuálaíocht (TTFN) a aithint go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta; pleananna, polasaithe agus tionscnaimh TTFN a fhorbairt; monatóireacht a dhéanamh ar chur i gcrích agus ar thionchar TTFN; agus comhordú pháirtíocht na bpáirtithe.

Thar an tréimhse 2004 - 2005, tá sé i gceist ag an bhForas athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Náisiúnta TTFN na Mara (1998) agus straitéis nua a ullmhú don tréimhse 2005-2010. Mar chuid den ullmhúchán chuige seo, coimisiúnaíodh roinnt staidéar i 2003, iad seo leanas ina measc:

- Táscairí oiriúnacha ar éifeachtúlacht in Eolaíocht agus Teicneolaíocht na Mara a aithint agus a mheasúnú
- Athbhreithniú ar Réamhthuisceant TTFN na Mara, ag tabhairt san áireamh an Bhreatain, an Iorua, SAM, Ceanada agus an tSeapáin
- Measúnacht Eacnamaíochta ar Chion Ghníomhaíocht agus Acmhainní na Mara in Eacnamaíocht na hÉireann
- Staidéar réamhthuisceana comhpháirteach idir DAF, EPA agus COFORD faoi Thuath agus Chósta na hÉireann sa bhliain 2025.

- Rinneadh dul chun cinn substaintiúil i mbunú meicníocht fhoirmiúil idirchaidrimh le hearnáil an tríú leibhéal. Comhaontaíodh le CHUI agus TechNet feidhmiú mar áisitheoirí thar cheann na nOllscoileanna agus Institiúidí na Teicneolaíochta fá seach.
- Choimisiúnaigh an Foras Staidéar Féidearthachta faoi bhunú Mhórhionscnamh Mapála Acmhainní Cois Cladaigh agus réachtáladh cruinní na bpáirtithe i gCaisleán BÁC. Foilseofar an tuairisc seo i 2004, mar aon le Straitéis do Mhapáil Cois Cladaigh.

COMH-OIBRIÚ IDIRNÁISIÚNTA

Comb-Oibriú leis an Eoraip

- Foilsíú Navigating the Future - II. Integrating Marine Science in Europe (Páipéar Staid 6 ESF-MB. Márta 2003) agus European Strategy on Marine Research Infrastructure (Acadamh na Fionlainne. Aibreán 2003).
- Cathaoirleacht Ghrúpa Oibre CREST de chuid an AE, faoi "The Mutual Opening of Member States Programmes in Marine Science."
- Sraith cheardlanna faoi Mhonoratóireacht Domhanda do Shábháilteacht agus don Timpallacht (GMES, tionscnamh de chuid an AE), eagraithe i gcomhpháirt le Foras na Timpallachta, Coimisiún an AE, agus Foras Spáis na hEorpa.

- Comhoibriú dlúth le Forfás agus Coimisiún an AE ag féachaint chuige go dtabharfar eolaíocht agus teicneolaíocht na mara san áireamh i gláracha Creatlaí de chuid an AE.
- Páirtíocht na hÉireann deimhnithe sa chéad ghlaoch faoin séú Clár Creatlaí.
- Roinnt tionscnamh tábhachtach bainte amach faoi Chláracha INTERREG (féach Aguisín 1).
- Leas-Chathaoir Bhord na Mara d'Fhondúireacht Eolaíochta na hEorpa.

Comhoibriú na hÉireann agus SAM

- Comhoibriú leanúnach le NOAA i SAM le comhpháirtíocht i gceardlann faoi choiréalach domhainfharraige i nGaillimh i mí Eanáir, malartú eolaíoch faoi shamhailteoireacht fisiciúil / bith-fhisiciúil, bláthú algaí díobhálacha agus biotocsainí, chomh maith le tacaíocht do chomhaltachtaí taighde agus traenála i samhailteoireacht na mara, imirce na mbradán agus earcaíocht iascaigh.

Comhoibriú na hÉireann agus Ceanada

- Tar éis comhráite leanúnacha laistigh de Pháirtnéireacht na hÉireann agus Talamh an Éisc, ag cruinniú de 25 cuideachta agus institiúid Éireannach agus a gcomhghleacaithe ó Ceanada, cuireadh le chéile ceithre Mheamram Tuisceana agus comhaontaithe eile chun earraí a fhorbairt i gcomhpháirt.

SEIRBHÍS IDIRCHADREAMH LEIS AN TIONSCAL

Bunaíodh an tseirbhís nua seo i 2003, chun taca gníomhach a thabhairt d'fhorbairt earnáil thionsclaíocht na mara le soláthar seirbhísí taighde agus forbartha go díreach do SMEanna:

- Bainistiú agus monatóireacht ar dhá Bheart do Thacaíocht TTFN don Tionscal faoi Chlár TTGN na Mara de chuid an Phlean Forbartha Náisiúnta (2000-2006) dírithe ar SMEanna - Applied Industry RTDI Programme agus Networking/Technology Transfer Programme.
- Foilsiú “A Guide to NDP Industry RTDI Grant Aid Programmes relevant to the Marine Sector” (2002).
- Foilsiú “Directory: Research and Development Capability in Third Level Institutions in the Western Region” (2001).
- Bunú Clár AquaReg (Iorua/Éire/Spáinn) chun maoiniú taighde a sholáthar do SMEanna agus chun iad a nascadh le soláthróirí TTF in earnáil fheirmeoireacht an éisc (maoinithe ag Clár INTERREG-IIIC).
- Bunú gréasán TRIDENT chun riachtanais TTF na SMEanna a nascadh le soláthróirí T/F i Réigiún Arc an Atlantaigh (maoinithe ag Clár Arc an Atlantaigh INTERREG-IIIB).
- Faoi láthair, tá an tSeirbhís Idirchaidreamh leis an Tionscal ag cur le chéile colaire de SMEanna mara na hÉireann agus ag measúnú a sainriachtanais T/F trí chlár TRIDENT, maoinithe ag an AE.

seirbhísí phleanáil & forbairt straitéiseach

Ina theannta sin, le linn an chéad bhliain dó, láimhsigh an ILS breis is céad fiosrú, chabhraigh sé le 46 SME ag ullmhú plean gnó agus iarratais ar mhaoiniú T&F, agus le 12 SME ag cur i gcrích tionscnamh T&F le cabhair deontais ó Chlár TTFN i dTionscal Feidhmeach de chuid an PFN.

CLÁR THEICNEOLAÍOCHT NA MARA

Sa bhliain 2003, dhírigh Clár na Teicneolaíochta ar réimsí tábhachtacha a aithint go bhféadfadh bearta diana TTFN mara treisiú le bunú agus fás tionscail nua bunaithe ar eolas:

- Fuinneamh na Mara (FM): Tar éis foilsiú na plé-cháipéise, i bpáirt le Fuinneamh Inmharthana Éireann (SEI), mar gheall ar straitéis chun úsáid a bhaint as acmhainní Toinne agus Taoide in Éirinn le linn 2002, d'oibrigh an dá chomhlacht i gcomhpháirt ar shraith staidéar le linn 2003. Ina measc bhí siad seo leanas:
 - 1 Measúnacht ar Acmhainn Taoide na hÉireann, coimisiúnaithe ag SEI
 - 2 Ullmhú Prótacail d'fhorbairt uirlisí FM, coimisiúnaithe ag Foras na Mara
 - 3 Measúnacht ar Leas Poitéinseal Eacnamaíochta ó Fhorbairt Fuinneamh Mara, coimisiúnaithe i gcomhpháirt ag SEI agus Foras na Mara
- Críochnófar na staidéir seo sa chéad leath de 2004, agus táthar ag súil go soláthróidh siad bunús do chlár dianaithe gníomhaíochtaí i bhFuinneamh na Mara.
- Biteicneolaíocht na Mara: Chun an poitéinseal seo a mheasúnú go hiomlán, agus chun na nideoega a aithint gur cheart d'Éirinn infheistíocht a dhéanamh iontu, choimisiúnaigh an Foras staidéar ar fhorbairt idirnáisiúnta sa réimse seo agus ar an bpoitéinseal chun é a fhorbairt in Éirinn. Críochnófar é seo le linn 2004 agus cuirfidh sé le toradh ceardlainne, le sainleathairte idirnáisiúnta ar cuireadh, atá pleanáilte i gcóir uair éigin go luath in 2004.
- Ardeicneolaíocht: Tá infheistíocht throm déanta ag Éirinn le blianta beaga anuas i bhforbairt infrastruchtúir agus scileanna TE agus in ardeicneolaíochtaí eile. Is léir chomh maith go bhfuil teicneolaíochtaí suaithinseacha nua eile á bhforbairt, ag tógáil ar dhul chun cinn i dteicneolaíocht ábhair, TE, nanaiteicneolaíocht agus biteicneolaíocht, a osclóidh féidearthachtaí nua i dtomhas na farraige, monatóireacht, agus úsáid acmhainní, a sholáthraíonn a ndeiseanna féin chun saibhreas a chruthú. Chabhróidh neartú na nasc


idir earnáil na mara, ionaid taighde agus an tionscal le forbairt agus tráchtálú teicneolaíochtaí nuálacha. Tá tús curtha ag an bhForas le próiseas chun nideoga a aithint go mbeadh na deiseanna agus an cumas ag Éirinn seirbhísí agus earraí nuálacha a fhorbairt iontu. In 2003 choimisiúnaigh an Foras staidéar go bhfuil sé mar sprioc aige ardchórais a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an uisce. Chuir an Foras agus BIM i bpáirt tús le staidéar eile chun poitéinseal Feirmeoireacht an Éisc Amach ón gCósta agus deiseanna chun teicneolaíocht nuálach a fhorbairt a aithint i 2003.

TURASÓIREACHT AGUS CAITHEAMH AIMSIRE NA MARA

Choimisiúnaigh an Foras staidéar mór taighde de chuid an ESRI ar mhargadh turasóireachta agus caitimh aimsire na mara ag baile le linn 2003, le foilsiú le linn 2004. Soláthróidh sé eolas luachmhar a chabhróidh linn deiseanna poitéinsiúla forbartha san earnáil a aithint.

Sholáthair an Foras comhairle agus tacaíocht do ghrúpaí ag ullmhú aighneachtaí do thionscnaimh faoi Chlár INTERREG NWE. Dá bharr seo, bhain Éire amach tuairim is €1.5 milliún i maoiniú chun cur le forbairt sa bhádóireacht mar chaitheamh aimsire agus i spórt uisce, ina measc:

- Cabhair chun muiríne 46 ionad a fhorbairt i Ros Mhic Thríúin.
- Staidéar féidearthachta chun gréasán chainéil na hÉirne a cheangal le Bá Dhún na nGall.
- Sraith cheardlanna chun cur le feabhas na gcaighdeán sna muiríní.



- Gréasáin lenár bpáirtnéirí Eorpacha (i bpáirt leis an Irish Marine Federation)
- Bhí na nithe seo leanas i measc na mbuaicphointí eile:
- Athbhreithniú cuimsitheach ar Ghréasán Feistis Bháid na gCuairteoirí
 - Staidéir dheisce ar Marine Recreation and the Process of Rejuvenation of Small Ports and Harbours agus The Feasibility of a National Database of Marine Infrastructure (le bunachar sonraí á fhorbairt ar bhonn pólóiteach).
 - Tionscnaimh faoi Straitéis Forbartha Chontae Dhún na nGall 2002 - 2012, ina measc, plé-cháipéis ar na féidearthachtaí a bhaineann le hIonad Beatha Mara agus páirtneireacht le Comhairle Baile Léim an Mhadaidh / Ollscoil Uladh ar thionscnamh pólótach faoi bhainistiú trá.

SEIRBHÍSÍ AGUS FORBAIRT AN EOLAIS

Rinneadh athstruchtúrú ar an rannóg seo i 2003, agus tugadh le chéile eilimintí ó Ghrúpa TE de Sheirbhísí Corparáideacha mar a bhí, le hIonad Eolas na Mara (Eolaíocht Teicneolaíocht agus Nuálaíocht) chun Réitigh TE a bhainistiú agus a chur ag obair.

- Clár Stóras Sonraí Eolais de thionscnaimh, maoinithe ag Ciste Sochaí an Eolais, lean sé air ag soláthar seirbhísí nua eolais. Ina measc seo bhí Clár Stóras Sonraí Eolais, Catalóg Sonraí Ar-Líne, Seirbhísí Mapála Eolais, agus

Córas Pleanáil Shuirbhéanna chun cabhrú le húsáideoirí na nÁrthach Náisiúnta Taighde.

- Tá Catalóg Sonraí Ar-Líne ag www.maps.marine.ie a sholáthraíonn sonraí ar thaisce den eolas mara atá ag Foras na Mara agus ag comhlachtaí eile.
 - Soláthraíonn an Uirlis chun Sonraí Eolais a Léirshamlú léiriú ffor-ama so-fheisceana d'eolas á bhailiú ag na hÁrthaí Taighde Náisiúnta, agus soláthraíonn an Uirlis chun Sonraí Eolais a Bhaint Amach teacht láithreach d'eolaithe ag oibriú ar na hÁrthaí ar shonraí á bhailiú ag córais na n-árthach.
- Ina theannta san, leanadh leis an ullmhúchán TE do na háiseanna nua i nÓrán Mór mar seo a leanas:
- Aistríodh an Líonra Achair Fhairsing (WAN) a cheanglaíonn suíomhanna Fhoras na Mara le chéile do r-phost agus do sheirbhísí eile go dtí VPN an Rialtais chun cur le stuamacht agus éifeachtúlacht an líonra.
 - Uasghrádaíodh Infrastruchtúr Freastalaí TE Fhoras na Mara chun go bhféadfaí feidhmchláracha nua-aimseartha a úsáid agus chun cur le so-lúbthacht don fhoireann ag úsáid na gcóras TE.
 - Foilsíodh Líonra Inmheánach na Foirne chun cur le cumarsáid inmheánach. Tá clár fógraí ar-líne ar an Líonra Inmheánach, chomh maith le huirlisí ar-líne, leithéidí áis chun seomra a chur i n-áiríthe agus deasc seirbhísí chun cuntas a thabhairt ar fhadhbanna TE.



riarachán ginearálta

Idirchaidreamh

Clúdaíonn clár Fhoras na Mara réimse leathan gníomhaíochtaí a éilíonn idirchaidreamh agus comhoibriú gairid le mórán daoine aonair agus eagraíochtaí. Ina measc tá an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha, an Roinn Airgeadais, ranna rialtais agus forais stáit eile, tionsclaíocht phríobháideach, agus earnáil an oideachais ardleibhéil. Aithníonn an Foras tacaíocht leanúnach agus comhoibriú na ndaoine seo go léir.

Sláinte agus Sábháilteacht

De réir an Achte um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (1989), tá Foras na Mara tar éis a chuid Ráitis Sláinte agus Sábháilteachta go léir a thabhairt suas chun dáta. Bíonn an Foras ag cur beartas oiriúnacha i bhfeidhm go leanúnach chun sláinte agus sábháilteacht a chuid fostaithe agus a chuid cuairteoirí go léir a chosaint.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí

Gach duine atá in oifig shainithe laistigh d'Fhoras na Mara, caithfidh sé ráiteas a leasanna a sholáthar do Choimisiún na gCairdeán in Oifigí Poiblí, de réir míreanna 18 agus 20 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí (1995).

aguisíní

AGUISÍN 1 - INTERREG - IIIA ÉIRE/AN BHREATAIN BHEAG (2000 - 2006)

In 2003, ceadáíodh deich gcinn de thionscnaimh / gréasáin chomhoibríocha, le hinstiúidí ó Éirinn agus ón mBreatain Bheag, do mhaoiniú INTERREG (Ráta Chabhair an Deontais: 75%). Ba é €4.6 milliún méid iomlán chabhair an deontais a ceadáíodh do na tograí seo; chuaigh €1.7 milliún (40%) go dtí na comhpháirtithe in Éirinn.

I measc na dtionscnamh gur éirigh leo bhí siad seo a leanas:

Gníomhaíochtaí Ullmhúcháin:

Mapáil limistéir shainithe (suímh NATURA 2000) i Réigiún INTERREG de Mhuir Éireann (MAPTURE). Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Gréasáin:

Gréasán Phobail an Chósta (CoCoNet) Coláiste na hOllscoile, Corcaigh / Ollscoil na Breataine Bige, Cardiff.

Gréasán Bhainistíocht Zónanna an Chósta (CZM-Net) Fiontraíocht Éireann/Comhairle Chontae Charnarthenshire.

Cothromaíocht i nDeiseanna Fostaithe

Seasann Foras na Mara le beartas cothromaíocht na ndeiseanna, agus glacann sé chuige féin cur chuige gníomhach don chothromaíocht. Reáchtáilann an Foras roinnt scéimeanna a sholáthraíonn deiseanna don fhoireann freastal ar a riachtanais phearsanta nó oibre, leithéid postroinnt, sabóid staidéir, agus clár oideachais.

Cód Cleachtais (Tuairisciú)

Cloíonn Foras na Mara le Cód dhlíthiúla an Chleachtais do Rialú Fhorais an Stáit mar atá siad leagtha síos ag an Roinn Airgeadais. Is féidir leis an bhForas a dheimhniú go bhfuil na rudaí seo a leanas gafa chucu ag Stiúrthóirí agus ag fostaithe agus go bhfuil traenáil acu iontu:

- cód foirmeálta iompair faoi easaontacht leasa agus cairt na gcustaiméirí
- Coistí Iniúchadh, bunaithe go cóir
- Nósanna soláthair
- Ceisteanna leochaileacha
- Aguisíní

Tograí Comhoibríocha:

Turtar Droma Leathair (*Dermodochelys coriacea*) i Mhuir Éireann - daonraí, bunús agus iompar. Coláiste na hOllscoile, Corcaigh / Ollscoil na Breataine Bige, Swansea.

Cóstaí Glana An Taisce / Feachtas "Keep Wales Tidy".

Úsáid na mBád Farantóireachta chun Cáilíocht an Uisce i Mhuir Éireann a Fhaire Ollscoil na hÉireann, Gaillimh / Ollscoil na Breataine Bige, Bangor.

Samhlacha Réamhfháistineacha do Mhuir Éireann (PRISM) Fiontraíocht Éireann / Ollscoil na Breataine Bige, Bangor.

Feirmeoireacht Éisc Shliogánaigh i Mhuir Éireann - Brath agus cosc ar ghalair i *Crassostrea gigas* Coláiste na hOllscoile, Corcaigh / Ollscoil na Breataine Bige, Bangor.

Forbairt Teicnící do Ghorlanna na nDiúilicíní in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Bainistiú inbhuanaithe ar cháilíocht an uisce cois chladaigh d'fheirmeoireacht an éisc, do chaitheamh aimsire, agus don turasóireacht (SMART). An Coláiste Ollscoile, BÁC / Ollscoil na Breataine Bige, Aberystwyth.

Tá a thuilleadh sonraí agus teagmhálacha do na tograí seo i dTuarascáil Cheardlann Phort Láirge (Deireadh Fómhair 2003), atá ar fáil ó Fhoras na Mara ach é a lorg.

AGUISÍN 2 - CLÁR TTFN NA MARA DE CHUID AN PHLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA 2003

Fobheart 3. Ciste TTFN na Mara

*Clár TTFN na Mara, Tionscal Feidhmitheach
(Seacht dtionscnamb - Iomlán €374,490)*

- **Forbairt Teicniúil agus Eolaíoch ar Stoc Goir an Turbaird agus Bainistiú Chultúrú na Larbhaí in Éirinn (Cuid II). Cabhair Deontais €58,100**
Turbot Iarthar Chonamara Teo./Gníomhaí TTFN 3ú Leibhéal: Zó-eolaíocht, Éiceolaíocht agus Eolaíocht na bPlandaí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
- **Córas Nuálach do Dhianchultúrú Larbhaí an Chuain Mhara Paracentrotus lividus: Córas DAR. Cabhair Deontais €52,925**
Dunmanus Seafoods Teo./Gníomhaí TTFN 3ú Leibhéal: Ionad Forbartha Fheirmeoireacht an Éisc, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
- **Forbairt aiste bia chun eochair a fheabhsú go hairtifiseáilte bunaithe ar dhramhaíl ó thionscal an iascaigh. Cabhair Deontais €54,308**
Red Mills Teo./Gníomhaí TTFN 3ú Leibhéal: Ionad Forbartha Fheirmeoireacht an Éisc, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
- **Úsáid Tráchtála do Chrosán na Mara a bhunú. Cabhair Deontais €66,264**
Connemara Seafood Teo./Gníomhaí TTFN: Ionad Náisiúnta an Bhia - Teagasc.
- **Clár Fhorbartha na gCás Dunlop Amach ón gCósta. Cabhair Deontais €42,868**
Bonner Engineering Teo./Gníomhaí TTFN 3ú Leibhéal: Gan aon cheann.
- **Forbairt Samhlacha in Idirghníomh Struchtúr na Cré do Thimpeallachtaí san Uisce Domhain - SOILSIM. Cabhair Deontais €54,067**
Marine Computation Services Teo./Gníomhaí TTFN 3ú Leibhéal: Gan aon cheann.
- **Fearas Fuinneamh na dTonn B2D2. Cabhair Deontais €59,925**
Ocean Energy Teo./Gníomhaí TTFN 3ú Leibhéal: Ionad Tàighde Hidrálaic agus Mara, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Staidéar Deisce (Iomlán €45,000).

- **Loingseoireacht Farrage Gairid na hÉireann**
Conarthaí Trádála Idir-Eorpacha.
Cabhair Deontais €45,000
Logistecon Teo.

Comhaltacht (Iomlán €135,000).

- **Cnuasach Loingseoireacht Mhara na hÉireann - Samhltú Airgeadais agus Margáí Eacnamaíochta. Cabhair Deontais €135,000**
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, BÁC

*Urraíocht / Duaiseanna Gréasán (Iomlán €32,796):
Deontais Cheardlainne / Chomhdhála*

- **Urraíocht - Galair Víreasacha i mBric Fheirme d'fhine na mBradán, Gaillimh, Iúil 2003.**
Cabhair Deontais €500
Tairbhí: Vet-Aqua International
- **Urraíocht - Bithscannáin sa Tionscal - Cúrsaí Leighis agus Biteicneolaíochta, Gaillimh, Lúnasa 2003.**
Cabhair Deontais €500
Tairbhí: Roinn na Micribhitheolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- **Urraíocht - Braiteoirí agus a bhFeidhmeanna - Ceardlann, Luimneach, Meán Fómhair 2003.**
Cabhair Deontais €500
Tairbhí: Institiúid na Fisice, Ollscoil Luimnigh.
- **14ú Collóicim Éireannach de Thaighdeoirí Timpeallachta - ENVIRON 2004. Luimneach, Eanáir 2004. Cabhair Deontais €5,000**
Tairbhí: Roinn Eolaíochtaí na Beatha, Ollscoil Luimnigh.
- **Collóicim na Saineolaithe: Íomháineachas Phróifíl na nDríodar - SPICE, Gaillimh, Aibreán 2004.**
Cabhair Deontais €4,710
Tairbhí: Institiúid Martin Ryan, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- **Siompóisiam faoi Mhapáil Ghnáthóga Geolaíochta agus Bítheolaíochta san Fharraige (GEOHAB), Gaillimh, Bealtaine 2004. Cabhair Deontais €4,750**
Tairbhí: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- **13ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Speicis Ionsaitheacha san Uisce, An Clár, Meán Fómhair 2004.**
Cabhair Deontais €5,000
Tairbhí: Institiúid Teicneolaíochta Shligigh.

Deontais Taistil / Móibileachta

- **Freastal ar Aqua Nor 2003 (An Iorua: Lúnasa 2003).**
Cabhair Deontais €500
Glacthóir: David Murphy, Aqua TT UETP Teo.
- **Freastal ar Aqua Nor 2003 (An Iorua: Lúnasa 2003).**
Cabhair Deontais €500
Glacthóir: Caoimhe Boylan, Aqua TT UETP Teo.
- **Freastal ar Aqua Nor 2003 (An Iorua: Lúnasa 2003).**
Cabhair Deontais €500
Glacthóir: Erin McVeigh, Aqualex Multi Media Consortium Teo.
- **Freastal ar Aqua Nor 2003 (An Iorua: Lúnasa 2003).**
Cabhair Deontais €500
Glacthóir: John Coleman, La Tene Maps
- **Freastal ar Aqua Nor 2003 (An Iorua, Lúnasa 2003).**
Cabhair Deontais €500
Glacthóir: James Ryan, Comhairleoir
- **Freastal/Cur i Láthair - 18ú Comhdháil Idirnáisiúnta faoin Radacarbón (An tSeapáin, Meán Fómhair 2003). Cabhair Deontais €500**
Glacthóir: Sinead Keogh, An Coláiste Ollscoile, BÁC



- Freastal/Cur i Láthair - 2ú Siompóisiam Idirnáisiúnta faoin gCoiréalach Domhainfharraige (An Nua-Shéalainn, Meán Fómhair 2003). Cabhair Deontais €500
Glacthóir: Mona McCrea, ECS Teo.
- Freastal/Cur i Láthair - SETAC - 24ú Comhdháil Bhliantúil agus Cúrsa Traenála. (Texas, Samhain 2003). Cabhair Deontais €500
Glacthóir: Dara Vaughan, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Freastal/Cur i Láthair - Gnáthaimh Plymouth i dTaighde Ilathráideach Éiceolaíochta (An Bhreatain, Samhain 2003). Cabhair Deontais €500
Glacthóir: An Dr. Roisin Nash, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- 2ú Comhdháil faoi Bhia Breisluach na Mara (An Bhreatain, Samhain 2003). Cabhair Deontais €500
Glacthóir: Declan Connolly, Irish Seaflood.com
- Freastal/Cur i Láthair - 15ú Comhdháil Débhliantúil - Bitheolaíocht na Mamach (An Bhreatain, Samhain 2003). Cabhair Deontais €500
Glacthóir: Ruth Leeney, An Coláiste Ollscoile, BÁC
- Freastal - Aigéaneolaíocht 2004 (SAM, Nollaig 2003). Cabhair Deontais €500
Glacthóir: John Coleman, La Tene Maps
- Freastal - 18ú Siompóisiam Idirnáisiúnta faoin bhFeamainn (An Bhreatain: Márta 2004). Cabhair Deontais €500
Glacthóir: An Dr. Robert Wilkes, Ionad Feamainne na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Deontais Eile i nGréasánú/TT TTFN na Mara

- Cúrsáil Eolaíochta - Traenáil trí Thaighde - RV An tOllamh Logachev. Cabhair Deontais €500
Glacthóir: James Riordan, Ollscoil Luimnigh
- Saineolaí "Isteach" - Scoil Iarchéime na hAigéaneolaíochta, Rhode Island. Cabhair Deontais €4,893
Glacthóir: An Dr. Glenn Nolan, Foras na Mara

Tionscnaimh Chúnamb Teicneolaíochta

- Measúnú Straitéiseach na Biteicneolaíochta. Cabhair Deontais: €34,848
Conraitheoir: CIRCA Group Teo.
- Staidéar Féidearthachta Teicneolaíochtaí Nuálacha SMART. Cabhair Deontais: €20,000
Conraitheoir: Ionad Naisiúnta Taighde sa Mhicricleitreonaic (NMRC)
- Measúnú Socheacnamaíoch Earnáil na Mara. Cabhair Deontais: €76,290
Conraitheoir: Peter Bacon & Associates

AGUISÍN 3 - FOILSEACHÁIN DE CHUID FHORAS NA MARA

Tuairiscí Speisialta

- The Stock Book: annual review of fish stocks in 2003 with management advice for 2004. (2003) ISBN: 1-902895-22-3.

Sraith Bhileoga faoin Iascach ISSN: 0332 - 1789

- 182. Fahy, E., O' Toole, M., Stokes, D., agus Gallagher, M. (2003). Appraisal of the whelk (*Buccinum undatum*) fishery on a part of the Codling Bank following extraction for beach restoration at Bray, Co. Wicklow.
- 183. O'Donohoe, P., Kennedy, S., Copley, L. Kane, E., Naughton and Jackson, D. (2003). National survey of sea lice (*Lepeophtheirus Salmonis* Kroyer and *Caligus Elongatus* Nordmann) on fish farms in Ireland - 2002

Fisheries Bulletin ISSN : 0332 4338

- 21. Fahy, E., J Carroll, M O'Toole agus J Hickey. A preliminary account of fisheries for the surf clam *Spisula solida* (L) (Mactracea) in Ireland. Fisheries Bulletin Uimh 21: 27 lgh

Sraith faoi Thimpeallacht na Mara agus Sláinte ISSN: 1649 0053

- 6. Minchin, D. (2003) Monitoring of tributyl tin contamination in six marine inlets using biological indicators.
- 7. Glynn, D., Tyrrell, L., McHugh, B., Rowe, A., Costello, J. agus McGovern, E. (2003) Trace metal and chlorinated hydrocarbon concentrations in shellfish from Irish waters, 2000.
- 8. Tyrrell, L., Glynn, D., Rowe, A., McHugh, B., Costello, J., Duffy, C., Quinn, A., Naughton, M., Bloxham, M., Nixon, E agus McGovern, E. (2003). Trace metal and chlorinated hydrocarbon concentrations in various fish species, landed at selected Irish ports 1997-2000.
- 9. Telfor, T. agus Robinson, K. (2003). Environmental quality and carrying capacity for aquaculture in Mulroy Bay Co. Donegal.
- 10. Glynn, D., Tyrrell, L., McHugh, B., Rowe, A., Monaghan, E., Costello, J. agus McGovern, E. (2003). Trace metal and chlorinated hydrocarbon concentrations in shellfish from Irish waters, 2001.
- 11. Grehan, A., Long, R., Deegan, B., agus Ó Cinnéide, M. (2003) The Irish Coral Task Force and Atlantic Coral Ecosystem Study - Report on Two Deep Water Coral Conservation Workshops held in Galway in 2000 and 2002.

- 12. McHugh, B., Glynn, D., Nixon, E. agus McGovern, E. (2003) The occurrence and risk assessment of the pesticide toxaphene in fish from Irish waters.
- 13. Tyrrell, L., Glynn, D., McHugh, B., Rowe, A., Monaghan, E., Costello, J. agus McGovern, E. (2003) Trace Metal and Chlorinated Hydrocarbon Concentrations in Various Fish Species Landed at Selected Irish Ports.
- 14. McLoughlin, M., Peeler, E., Foyle K, Rodger H, Ó Ceallacháin, D, agus Geoghegan, F. (2003) An Epidemiological Investigation of the Re-Emergence of Pancreas Disease in Irish Farmed Atlantic Salmon in 2002.

AGUISÍN 4 - FOILSEACHÁIN

Gan Ainm (2003) Rannóg Fheirmeoireacht an Éisc: Suirbhé Náisiúnta ar Mhfolta Éisc i bhFeirmeacha Éisc, Nollaig 2002 - Meitheamh 2003. Tuairisc Shealadach do Ghrúpa Sheirbhísí Fheirmeoireacht an Éisc agus Bainistiú na nDobhaircheantar, 18 lgh

Aprahamian, M., Smith, K.M., McGinnity, P., McKelvey, S. agus Taylor, J. (2003). Restocking salmonids - opportunities and limitations. *Fisheries Research* 62, 1 211-227.

Byrne, C.J., Poole, R., Rogan, G., Dillane, M. agus Whelan, K.F. (2003). Temporal and environmental influences on the variation in Atlantic salmon (*Salmo salar* L.) smolt migration in the Burrishoole system from 1971 to 2000. *Journal of Fish Biology* 63; 1552-1564.

Byrne, C.J., Holland, C.V., Kennedy, C.R. agus Poole, W.R. (2003). Interspecific interactions between Acanthocephala in the intestine of brown trout: are they more frequent in Ireland? *Parasitology* 127; 399-409.

Cotter, D. (2003). Triploid Atlantic Salmon (*Salmo salar* L.): Growth, Maturation and Migratory Behaviour. Tráchtas PhD. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Crozier, W. W., Schön, P.-J., Chaput, G., Potter, E. C. E., Ó Maoiléidigh, N., agus MacLean, J. C. (2003). Managing Atlantic salmon in the mixed stock environment: Challenges and considerations. Theme Session (V) - Mixed and Multi-Stock Fisheries. Challenges and Tools for Assessment, Prediction and Management. ICES CM 2003/V:17

Crozier, W.W., Potter, E.C.E., Prévost, E., Schon, P.-J. agus Ó Maoiléidigh, N. (2003). A co-ordinated approach towards the development of a scientific basis for management of wild Atlantic salmon in the north-east Atlantic (SALMODEL - Scientific Report Contract QLK5-1999-01546 to EU Concerted Action Quality of Life and Management of Living Resources). Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, lgh. 431.

Dalton, J. P., Sekiya, M., McCarthy, E., Mulcahy, G., Copley, L., O'Donohoe, P., Kane, F. agus D. Jackson. (2003). Sea lice Infection of Atlantic salmon in Ireland: Overview of Management and Future Vaccine Development Program. Proceedings of the Aquafin CRC Conference 28th-30th Deireadh Fómhair, Adelaide, An Astráil.

de Boer, J., E. Pim, G. Leonards, J. Klungsøyr, B. McHugh, E. Nixon, E. McGovern agus G.G. Rimkus. Comparative Tests to Improve the Analysis of Chlorobornanes. *JAOAC* 86 (2003) 432-438.

Dickey-Collas, M., Armstrong, M.J., Officer, R.A., Wright, P.J., Brown, J., Dunn, M.R., agus Young, E. (2003). Growth and expansion of haddock (*Melanogrammus aeglefinus* L.) stocks to the west of the British Isles in the 1990s. *ICES Marine Science Symposia*, 219: 271-282.

Dillane, M., deEyto, E., O'Hea, B., Poole, R. agus Whelan, K. (2003). Electrofishing survey of the Burrishoole, Newport, Owengarve, Owenduff, Glenamoy and Carrowmore systems - 2003, with reference to previous surveys. Foras na Mara, Baile Uí Fhiacháin. Tuairisc do NWRFB.

Eibrand R., P. Kennedy, D.Cotter, U. MacEivilly agus Bing Wu. (2003). Analysis of Atlantic salmon skin mucus: COPS - A computer-based system for protein pattern analysis of 1D SDS-PAGE gels. Curtha i láthair ag an 3ú Siompóisiam IEEE faoi Bioinformatics & Bioengineering, Bethesda, Maryland, Márta 2003.

Fagan M.S., N.O'Byrne-Ring, R. Ryan, D.Cotter, K. Whelan, agus U. MacEivilly. (2003). A biochemical study of mucus lysozyme, proteins and plasma thyroxine of Atlantic salmon during smoltification. *Aquaculture* 222 (2003) 287-300.

Gargan, P.G., Tully, O. agus Poole, W.R. (2003). Relationship between sea lice infestation, sea lice production and sea trout survival in Ireland, 1992-2001. In: Mills, D. (ed.) *Salmon at the Edge* Proc. of Conference organised by the Atlantic Salmon Trust, Blackwell Publishing, Oxford. lgh 119-135.

Jackson Dave, Lorraine Copley, Frank Kane, Oisín Naughton, Suzanne Kennedy agus Pauline O'Donohoe. 2003. Thirteen years of Monitoring Sea Lice in Farmed Salmonids(in Ireland). In: *The Importance of Long - Term Monitoring of the Environment*, Stáisiún Mara Inis Earcáin, Inis Earcáin, Co. Chorcaí.

Kennedy P., D. Cotter, R. Ryan, R. Eibrand, B. Wu agus U. MacEivilly. (2003). Electrophoretic analysis of Atlantic salmon (*Salmo salar*) skin mucus proteins during smoltification (1999-2001), A computerised proteomics system for protein pattern analysis of 1D SDS-PAGE gels of Atlantic salmon (*Salmo salar*) skin mucus. R. Eibrand, P. Kennedy, D.Cotter, R. Ryan, U. MacEivilly, B. Wu.

- Ling E. Nigel agus Cotter D. (2003). Statistical power in comparative aquaculture studies. *Aquaculture* 224 (2003) 159-168.
- McGinnity P.; Prodöhl P.; Ferguson A.; Hynes R.; Ó Maoiléidigh N., Baker, N.; Cotter, D.; O'Hea B.; Cooke D.; Rogan G.; Taggart J.; agus Cross T. (2003). Fitness reduction and potential extinction of wild populations of Atlantic salmon, *Salmo salar*, as a result of interactions with escaped farm salmon. *Proceedings of the Royal Society: Biological Sciences*, 270: 2443-2450.
- McGinnity, P., Ferguson, N. Baker, Cotter D., Cross, T., Cooke, D., Hynes, R., O'Hea, B., O'Maoileidigh, N., Prodohl, P. agus Rogan, G. (2003). A two-generation experiment comparing the fitness and life-history traits of native, ranched, non-native, farmed and 'hybrid' Atlantic salmon under natural conditions. In *Salmon at the Edge*, Derek Mills [eag.], ó chomhdháil eagraithe ag an "Atlantic Salmon Trust and the Atlantic Salmon Federation", Blackwell Publishing, lgh. 138-143.
- McGinnity, P., Gargan, P., Roche, W., Mills, P. agus McGarrigle, M. (2003). Quantification of the freshwater salmon habitat in Ireland - using data interpreted in a GIS platform. *Irish Freshwater Fisheries, Ecology and Management Series No. 3*, ISSN 1625-30, Central Fisheries Board.
- McHugh, B., E. McGovern, C. Duffy, J. White, A. Cullen, W. Anderson, C. Tlustos, I. Pratt, agus C. Collingra. Analysis of Dioxin-Like PCBs in Wild and Farmed Salmon and Farmed Trout from Irish Waters. *Organohalogen Compounds Volume B* (2003), 89-92.
- Monaghan, E., agus McGovern, E. "The Current Position around the Irish Sea Coasts" in Nitrates Source to Sea. Irish Sea Forum Seminar Report. Seminar 31. ISSN 1360-4082
- O'Byrne-Ring N., K. Dowling, D. Cotter, K. Whelan agus U. MacEvilly. (2003). Changes in mucus cell numbers in the epidermis of the Atlantic salmon at the onset of smoltification. *J. Fish Biol.* 63 (6) (2003) 1365-1370.
- O'Donohoe, P., Copley, L., Kennedy, S., Kane, F., Naughton, O. agus Jackson, D. (2003). National Survey of Sea Lice (*Lepidophtheirus salmonis* Kroyer & *Caligus elongatus Nordmann*) on Fish Farms in Ireland - 2002 Fisheries Leaflet 183, Foras na Mara, Gaillimh (32 lgh).
- Ó Maoiléidigh, N., Crozier, W., Hansen, L.P., Gudbergsson, G., Prévost, E., Karlsson, L., Potter, E.C.E., MacLean, J. agus McGinnity, P. (2003). Examination Of Marine Survival Datasets For The North East Atlantic Area. I "Marine mortality of Atlantic salmon, *Salmo salar* L: methods and measures". In eagar ag: Potter, E.C.E., Ó Maoiléidigh, N., agus Chaput, G. Canadian Science Advisory Secretariat. Research Document 2003/101, 10 - 26.
- Ó Maoiléidigh, N., Legault, C., Amiro, P., Erkinaro, J agus Chaput, G. (2003). Long and Short Term Recovery Trajectories from Stock Rebuilding Programmes for North Atlantic and Baltic Salmon Stocks. ICES ASC 2003, Theme Session U - Scope and Effectiveness of Stock Recovery Plans in Fishery Management, CM 2003/U:09.
- Ó Maoiléidigh, N., Cullen, A., McDermott, T., Bond, N., McLaughlin, D., Rogan, G agus Cotter, D. (2003). NATIONAL REPORT FOR IRELAND - The 2002 Salmon Season. Working Group on North Atlantic Salmon Working Paper 03/22
- Ó Maoiléidigh, N., agus Whelan, K.F. (Eag). (2003). *SALSEA - A marine research strategy to determine key factors affecting salmon survival at sea. SALSEA planning group report and recommendations.* 44 lgh
- Poole, M, Cotter D. agus Whelan K.F. (2003). Salco-op Report: Inventory of co-operation projects between salmonid aquaculture and wild fisheries, curtha i láthair Grúpa Liaison NASCO/ISFA i mí Eanáir 2003.
- Poole, W.R., Nolan, D.T., Wevers, T., Cotter, D. agus Tully, O. (2003). An ecophysiological comparison of wild and hatchery-raised Atlantic salmon (*Salmo salar* L.) smolts from the Burrishoole System, Western Ireland. *Aquaculture* 222; 301-314.
- Potter, E.C.E., Ó Maoiléidigh, N., agus Chaput, G. (Eag). (2003). Marine mortality of Atlantic salmon, *Salmo salar* L: methods and measures.. Canadian Science Advisory Secretariat. Research Document 2003/101, 213 lgh.
- Prévost E., Ó Maoiléidigh, N., McGinnity, P., Gargan, P., Crozier, W., Mills, P. agus Roche, W. (2003). Setting and Transporting Biological Reference Points to Atlantic Salmon Rivers in Ireland using a Bayesian Hierarchical Stock and Recruitment Analysis Theme session V - Mixed and Multi-Stock Fisheries. Challenges and Tools for Assessments, Prediction and Management ICES CM 2003/V14.
- Smith P., M. Hiney, D. Gilroy, D. Padley, T. Gallagher, D. Cotter, agus R. Powell. (2003). Confusion generated by the validation of the application of an enzyme linked immunosorbent assay and a polymerase chain reaction method for the detection of *Aeromonas salmonicida* in field samples. *Aquaculture* 218 (2003) 67-79.
- Stefansson, S.O., McGinnity, P., Björnsson, B.T., Schreck, C.B. agus McCormick, S.D. (2003). The importance of smolt development to salmon conservation, culture and management: perspectives from the 6th International Workshop on Salmonid Smoltification. *Aquaculture* 222, lgh 1-14.
- Stefansson, S.O., McGinnity, P., Björnsson, B.T., Schreck, C.B. agus McCormick, S.D. (Eag). (2003). Proceedings of the 6th International Workshop on Salmonid Smoltification a reachtáladh i gCathair na Mart, Contae Mhaigh Eo, Éire, 3-8 Meán Fómhair 2001. *Aquaculture* 222 (Eagrán Speisialta) Uimh.1-4.

Verbeken E., D. Tobin, R. Eibrand, N.O'Byrne Ring, B. Wu, agus D. Cotter. (2003). Biochemical studies of Atlantic salmon (*Salmo salar*) skin mucus proteins during smoltification.

Youngson, A.F., Jordan, W.C., Verspoor, E., McGinnity, P., Cross, T. agus Ferguson, A. (2003). Management of salmonid fisheries in the British Isles: towards a practical approach based on population genetics. *Fisheries Research* 62, lgh 193-209.

AGUISÍN 5 - DAONÁIREAMH Ó GHAISTÍ BHUIRÍOS UMHAILL

Tábla 1. Sonraí an daonáirimh in aghaidh an tsrutha do chóras Bhuiríos Umhaill, 2003.

Speiceas	Léim na mBradán In Aghaidh Srutha 2003	Cúrsa an Mhuilinn In Aghaidh Srutha 2003	Iomlán In Aghaidh Srutha 2003	Iomlán In Aghaidh Srutha 2002
Liathán Fiáin	463	81	544	648
Bradán Fiáin Earraigh	14	4	18	2
Liathán Feirme	937	219	1,156	859
Breac Geal Fiáin	9	10	19	35
Fionnóg Fhiáin	24	35	59	80
Breac Rua Fiáin	28	12	40	68

